



An Roinn Oideachais
agus Scileanna

An Pholaitíocht agus an tSochaí

Sonraíocht Churaclaim

AN ARDTEISTIMÉIREACHT
Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Clár ábhar

An tSraith Shinsearach..... 3

Eispéireas na sraithe sinsearaí 4

An Pholaitíocht agus an tSochaí..... 7

Intreoir.....	7
Aidhm.....	8
Spríocanna.....	8
Foghlaim ábhartha.....	8
An luath-óige.....	8
An bhunscoil.....	8
An tsraith shóisearach.....	9
An tsraith shinsearach.....	9
Breisfhoghlaim.....	9
An pobal agus an tsochaí.....	10

Forbhreathnú 11

Struchtúr.....	11
Snáithe 1.....	11
Snáithe 2.....	11
Snáithe 3.....	11
Snáithe 4.....	11
Leithdháileadh ama.....	12
Litearthacht agus uimhearthacht.....	12
Oideachas um fhorbairt inbhuanaithe.....	13
Príomhscileanna.....	14
Torthaí foghlama.....	14
Teagasc agus foghlaim.....	14
Measúnú.....	15
Teagasc agus foghlaim.....	15
Díospóireacht agus plé.....	16
Meáin chomhaimseartha éagsúla a úsáid.....	16
Bailiú agus anailís sonraí.....	17
Cleachtas Athmhachnaimh.....	18
Punanna.....	18
Dialann mhachnaimh.....	19
Difreáil.....	20
Measúnú.....	20

Snáitheanna staidéir..... 21

Snáithe 1: Cumhacht agus cinnteoireacht.....	22
Topaic 1: Cumhacht agus cinnteoireacht ar scoil.....	23
Snáithe 2: Saoránacht Ghníomhach.....	25
Topaic 2: Cumhacht agus cinnteoireacht ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach.....	26
Topaic 3: Cur go héifeachtach le pobail.....	29
Topaic 4: Cearta agus freagrachtaí i gcumarsáid le daoine eile.....	31
Snáithe 3: Cearta agus freagrachtaí an Duine.....	33
Topaic 5: Cearta agus freagrachtaí an Duine in Éirinn.....	34
Topaic 6: Cearta agus freagrachtaí an duine san Eoraip agus sa domhan mór.....	37
Snáithe 4: Domhandú agus logánú.....	38
Topaic 7: Domhandú agus féiniúlacht.....	39
Topaic 8: Forbairt Inbhuanaithe.....	42

Measúnú 43

1. Tuairisc ar thionscadal saoránachta.....	43
Critéir ghinearálta mheasúnaithe don tuairisc ar an tionscadal saoránachta.....	44
2. Scrúdú scríofa.....	45
Critéir ghinearálta mheasúnaithe don scrúdú scríofa.....	46
Difreáil ag tráth an Mheasúnaithe.....	46
Oiriúntais réasúnta.....	47

1

An tSraith Shinsearach

Bíonn foghlaimeoirí sa tSraith Shinsearach ag teacht chuig deireadh a gcuid ama ar scoil agus bíonn siad ag díriú ar na treonna a ba mhaith leo dul ina saol amach anseo. Tá ról fíorthábhachtach ag an tSraith Shinsearach a chabhrú le foghlaimeoirí aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanais reatha mar dhaoine óga fásta agus á n-ullmhú le haghaidh an tsaoil i gcomhthéacs eacnamaíoch agus sóisialta atá ag athrú.

Tá an tsraith shinsearach bunaithe ar choimítmint do ghnóthachtáil oideachasúil den chaighdeán is airde do gach foghlaimeoir, comhchuimseach lena sainchumais. D'fhonn tacú le foghlaimeoirí agus iad ag múnlú a dtodhchaí féin, cuirtear béim ar fhorbairt an eolais agus ar dhomhaintuiscint; foghlaimeoirí ag glacadh freagrachta as a gcuid foghlama féin; sealbhú príomhscileanna; agus próisis na foghlama. Cabhraíonn an curaclam leathan, ina bhfuil deiseanna áirithe don speisialtóireacht, le leanúnachas ón tsraith shóisearach agus tá sé d'aidhm aige freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, roinnt díobh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ach a bhfuil réimse leathan suimeanna foghlama, inniúlachtaí agus buanna acu uile.

Cothaíonn comhpháirteanna an churaclaim ag an tsraith shinsearach cothroime idir eolas agus scileanna, agus na cineálacha straitéisí foghlama a theastaíonn chun a bheith rannpháirteach agus a gcion a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú agus ina bhfuil an todhchaí éiginnte. Chun forbheathnú a fháil ar an tsraith shinsearach, féach Fíor 1.

Baineann an measúnú sa tsraith shinsearach le eolas a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama. Tá sé le fáil faoi fhormaidí difriúla agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Úsáidtear é chun an chonair chuí a shocrú d'fhoghlaimeoirí trí churaclam difreáilte, chun sainréimsí deacrachta nó láidreachta ag scoláire áirithe a aithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Tacaíonn an measúnú le foghlaim agus feabhsaíonn sé í trí chabhair a thabhairt d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a aithint.

2

Eispéireas na sraithe sinsearaí


De réir fhís oideachas na sraithe sinsearaí bíonn an foghlaimeoir i lár an eispéiris oideachasúil. Cuirfidh an t-eispéireas sin ar chumas foghlaimeoirí a bheith seiftiúil, a bheith muiníneach, a bheith rannpháirteach go gníomhach sa tsochaí, agus suim a chothú iontu san fhoghlaim ar feadh a saoil amach anseo.

Tá an fhís seo den fhoghlaim (Fíor 2) bunaithe ar na luachanna agus ar na prionsabail ar a bhfuil an tsraith shinsearach tógtha. Is é an curaclam-lena n-áirítear ábhair agus cúrsaí, príomhscileanna leabaithe, torthaí foghlama curtha in iúl go soiléir, agus cuir chuige éagsúla i leith an mheasúnaithe-is é an meán é trína bhfóraithe an fhís seo don fhoghlaim.


Ag leibhéal praiticiúil, tacaítear le soláthar eispéireas oideachasúil d'ardchaighdeán a tsraith shinsearach trí na nithe seo a leanas

- ▶ pleanáil, forbairt, eagrú agus meastóireacht éifeachtach curaclaim
- ▶ cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann agus a chothaíonn spéis i measc foghlaimeoirí, a chuireann ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh, a gcuid foghlama a dhoimhniú agus a chur i bhfeidhm, agus a fhorbraíonn a gcumas chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama
- ▶ forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus do lucht bainistíochta scoileanna a chuireann ar a gcumas forbairt agus athruithe curaclaim ina gcuid scoileanna a threorú
- ▶ cultúr scoile a léiríonn meas ar fhoghlaim, a spreagann iad chun freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin thar am, agus a chothaíonn grá don fhoghlaim.

Fíor 1: Forbhreathnú ar an tsraith shinsearach



Fíor 2: An léargas ar an bhfoghlaim



3

An Pholaitíocht agus an tSochaí

Intreoir

Is í an aidhm atá leis an bPolaitíocht agus an tSochaí forbairt a dhéanamh ar chumas an scoláire a bheith páirteach i saoránacht ghníomhach mhachnamhach de réir na léargas atá acu ar na heolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla agus na scileanna ata acu iontu.

Is iomaí dúshlán agus deis a thugann an timpeallacht áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda do dhaoine óga agus í ag athrú. Éilíonn sí freisin orthu réimse scileanna, eolais, luachanna agus meonta a bheith acu ionas gur féidir leo a gcuid spriocanna a bhaint amach sa timpeallacht sin. Áirítear orthu sin:

- ▶ scileanna chun eolas agus foinsí eolais a mheas go grinn agus chun eolas a bhailiú agus a phróiseáil
- ▶ scileanna idirchultúrtha lena chur ar a gcumas cumarsáid agus obair a dhéanamh le daoine eile ó chúlraí éagsúla i gcúrsaí fostaíochta agus i suíomhanna eile
- ▶ tuiscint ar phróisis an domhandaithe agus an indibhidiúlaithe agus ar na deiseanna agus na dúshláin a roinneann leo
- ▶ an tsamhlaíocht chun smaoineamh go cruthaitheach agus chun malairtí todhchaí agus leaganacha nua den todhchaí a mholadh
- ▶ fonnmhaireacht chun ról gníomhach a imirt ina sochaí
- ▶ meon chun freagracht a ghlacadh as iarmhairtí a gcuid gníomhartha.

Ag baint leasa go háirithe as scileanna na smaointeoireachta criticiúla agus na samhlaíochta agus as eolas ábhair na socheolaíochta, na hantraipeolaíochta, an staidéir pholaitiúil agus na fealsúnachta, is féidir leis an bPolaitíocht agus an tSochaí, i gcomhar le foghlaim scoláirí lasmuigh den scoil, i gcomhthéacsanna baile agus pobail, deis a sholáthar do scoláirí chun na scileanna, an t-eolas, na luachanna agus na meonta thuas a fhorbairt. Is féidir le creat tagartha anailíseach ar leith na n-ábhar seo cabhrú freisin chun scileanna anailís chriticiúil a fhorbairt a chuireann ar chumas daoine ionchur eolasach, tomhaiste agus éifeachtach a bheith acu ina sochaí. Is féidir le hinneachar na n-ábhar seo tacú le tuiscint a fhorbairt ar chothroime, éagothroime agus éagsúlacht i réimsí éagsúla de shaol an duine, lena n-áirítear inscne, eitneacht agus aicme shóisialta. Sa chaoi sin, cuireann an Pholaitíocht agus an tSochaí le forbairt na saoránachta gníomhaí agus rannpháirtí tríd an oideachas. Féadann sé ról fíorthábhachtach a imirt maidir le daoine a chur ar an eolas faoin gcaoi a n-oibríonn institiúidí sóisialta agus polaitiúla ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda, agus faoi thábhacht institiúidí sóisialta agus polaitiúla i múnú na sochaí againn.

Tríd an fhoghlaim ghníomhach agus rannpháirteach agus tríd an taithí a bheith ag foghlaim sa phobal mór, cabhraíonn an Pholaitíocht agus an tSochaí le daoine óga na scileanna cuí a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach agus stuama i saol a bpobail.

Aidhm

An aidhm atá le Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta forbairt a dhéanamh ar chumas an fhoghlaiméora a bheith páirteach i saoránacht ghníomhach mhachnamhach de réir na léargas atá acu ar na heolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla agus na scileanna atá acu iontu.

Spriocanna

Is iad na spriocanna atá le Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta forbairt a dhéanamh ar:

- ▶ tuiscint ar na córais shóisialta ina bhfeidhmíonn daoine: go háitiúil, go náisiúnta agus ar bhonn níos fairsinge
- ▶ tuiscint ar choincheapa atá mar bhonn agus mar thaca ag córais chomhaimseartha rialtais agus na samhlacha éagsúla atá ann chun na coincheapa sin a dhéanamh infheidhme
- ▶ tuiscint agus meas ar chearta agus freagrachtaí an duine, ar dhínt an duine agus ar mhodhanna daonlathacha rialachais
- ▶ tuiscint agus meas ar fhorbairt inbhuanaithe
- ▶ tiomantas i leith, agus cumas le dul i gceann, rannpháirtíocht ghníomhach i saol sóisialta agus polaitiúil an fhoghlaiméora
- ▶ tiomantas i leith, agus cumas le dul i gceann, smaointeoireacht ghrinn, dhioscúrsach agus neamhspleách
- ▶ tiomantas i leith, agus cumas le dul i gceann, modhanna síochánta agus daonlathacha chun aighnis a réiteach
- ▶ ciall don chúram i leith daoine eile agus meas agus luach ar éagsúlacht i ngach réimse de shaol an duine laistigh de pharaiméadair phrionsabail chearta an duine
- ▶ an cumas chun anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla taighde sóisialta agus polaitiúil, agus a leithéid sin de shonraí a úsáid go cúramach chun tuairimí a chruthú agus teacht ar chonclúidí.

Foghlaim ábhartha

AN LUATH-ÓIGE

Foghlaimíonn páistí, tríd an súgradh go minic, scileanna an chaidrimh rathúil, agus chun leagan bunúsach de choincheapa amhail cothroime agus cearta a chur i bhfeidhm. Agus iad ag teacht ar chinntí foghlaimíonn siad chun eolas a mheas agus a úsáid.

AN BHUNSCOIL

Tagann ceisteanna sóisialta aníos ar fud Churaclam na Bunscoile agus beidh deiseanna ag páistí tuiscintí a fhorbairt ar an éagsúlacht, cearta an duine agus forbairt inbhuanaithe trí ábhair amhail stair agus tíreolaíocht agus trí úsáid a bhaint as teangacha, Béarla agus Gaeilge, agus staidéar a dhéanamh orthu. Tugann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte go háirithe deiseanna chun forbairt bhreise a dhéanamh ar a dtuiscint orthu féin i dtaca le daoine eile, go háirithe tríd an snáithe 'Mise agus an domhan mór'.

AN TSRAITH SHÓISEARACH

Leanann foghlaimeoirí orthu a fhorbairt a dtuisceana ar a n-áit sa domhan trí na ráitis foghlama atá mar bhunús le sraith nua shóisearach a phleanáil. Ar na cinn is ábhartha áirítear:

- ▶ **Ráiteas foghlama 7:** Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith i do shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.
- ▶ **Ráiteas foghlama 9:** Tuigeann na scoláirí bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall orthu.
- ▶ **Ráiteas foghlama 10:** Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.

Bíodh is gur féidir le scoileanna roghnú chun freastal ar na ráitis foghlama sin trí réimse d'ábhair agus de ghearrchúrsaí, tugann an gearrchúrsa in Oideachas Saoránachta, Sóisialta agus Polaitiúil (OSPS) bunús san eolas, scileanna agus meonta a theastaíonn chun staidéar a dhéanamh ar an bPolaitíocht agus an tSochaí ag an tsraith shinsearach faoi mar a dhéanann réimsí eile curaclaim lena n-áirítear stair, tíreolaíocht, teangacha agus oideachas reiligiúnach. Cuirfidh na modheolaíochtaí gníomhacha agus rannpháirtíochta a úsáidtear i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí leis na cuir chuige teagaisc agus foghlama sa tsraith shóisearach nua, atá scoláire-lárnach agus saibhir ó thaobh foghlama de.

AN TSRAITH SHINSEARACH

Tá fócas na Polaitíochta agus na Sochaí ag teacht, go pointe áirithe, le fócas ábhair eile sa tsraith shinsearach, go háirithe an tíreolaíocht, eacnamaíocht bhaile, stair agus oideachas reiligiúnach, agus, ar dhóigh níos lú, eacnamaíocht (i réimsí na gcóras eacnamaíoch agus an smaointeachais eacnamaíochta); Béarla (i dtaca le litearthacht shóisialta agus litearthacht sna meáin); Matamaitic (i dtaca leis an gcumas chun anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí) agus teicneolaíocht (i dtaca leis an teicneolaíocht agus an tsochaí). Is de bhrí go mbíonn an bhunaid chéanna ag disciplíní difriúla ar ghnéithe bunúsacha de shaol an duine atá na ceangail sin ann. Roghnaíodh na réimsí staidéir chun a chinntiú go mbíonn an chuid is lú den trasnáil idir an méid a chlúdaítear i bPolaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta agus an méid a dtugtar faoi in ábhair eile den tsraith shinsearach. Sa chorrchás ina mbíonn trasnáil mar sin ann, tá an Pholaitíocht agus an tSochaí difriúil le hábhair eile sna tuairimí, modhanna agus anailís a mbaintear leas astu. D'ainneoin na difríochta sin in ábhar agus i gcur chuige áfach, beidh go leor deiseanna ag foghlaimeoirí a gcuid foghlama a cheangal agus a chomhtháthú idir an Pholaitíocht agus an tSochaí agus na réimsí ábhair eile sin. Beidh macallaí freisin idir na réimsí a dtugtar fúthu i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí agus roinnt de na topaicí agus na téamaí a chlúdaítear i rith na hIdirbhliana. Beidh na modheolaíochtaí gníomhacha agus rannpháirtíochta a úsáidtear san Idirbhliain ina dtús maith ar roinnt de na modheolaíochtaí a úsáidtear i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí.

BREISFHOGLAIM

Tugann an Pholaitíocht agus an tSochaí deis chun nascadh le hábhair shóisialta, eolaíochta agus fealsúnachta sa bhreiseoidéachas agus san ardoideachas. Tá a macasamhail d'ábhair seo á dtairiscint faoi láthair i gcúrsaí ardoideachais faoi chló cláir sa tsocheolaíocht, staidéar polaitiúil, fealsúnacht agus antraipeolaíocht, chomh maith le cláir staidéar sóisialta (a bhíonn ceangailte go minic le forbairt ghairmiúil i réimsí ar nós obair shóisialta, cúram sóisialta agus bainistiú acmhainní daonna). Is gnách go mbíonn siad freisin ina gcuid de chlár idirdhisciplíneacha ar nós caidrimh idirnáisiúnta, léann na mban, léann forbartha agus staidéar comhionannais.

AN POBAL AGUS AN TSOCHAÍ

Is buntéama ag an bPolaitíocht agus an tSochaí í an fhoghlaim is féidir a úsáid sa saol laethúil agus a bheidh ábhartha don saol sin. Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí chun a scileanna sa chumarsáid a úsáid agus a fhorbairt tuilleadh, trí obair a dhéanamh le daoine eile agus trí anailís a dhéanamh ar eolas, agus conclúidí a bhaint as, i suíomhanna sóisialta agus trí rannpháirtíocht le grúpaí agus le fontair ina bpobal féin. Beidh deiseanna acu na coincheapa agus na smaointe a phléitear i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí a chur i bhfeidhm i gcinntí laethúla maidir le conas gníomhú go heiticiúil. Sa chaoi sin, beidh a gcuid foghlama scoilbhunaithe bainte le, agus níos doimhne de thairbhe, saoránacht ghníomhach mhachnamhach ar feadh a saoil.

Beidh na scileanna, an t-eolas, na luachanna agus na meonta a fhorbrófar tríd an bPolaitíocht agus an tSochaí luachmhar ag foghlaimeoirí agus infheidhme acu ar feadh a saoil ina rannpháirtíocht le próisis pholaitiúla, agus i gcinntí a dhéanfaidh siad ina saol oibre agus pearsanta.

4

Forbhreathnú

Struchtúr

Tá an Pholaitíocht agus an tSochaí eagraithe ina gceithre snáitheanna, agus gach ceann acu sin struchtúrtha thart ar phríomhchoincheapa. Is iad sin:

SNÁITHE 1 Cumhacht agus cinnteoireacht	SNÁITHE 2 Saoránacht ghníomhach
SNÁITHE 3 Cearta agus freagrachtaí an Duine	SNÁITHE 4 Domhandú agus logánú

Snáithe 1 Breathnaítear sa snáithe seo ar choincheapa bunúsacha i staidéar na Polaitíochta agus na Sochaí agus ba cheart staidéar a dhéanamh air seo ar dtús.

Snáithe 2 Dírítear go mór sa snáithe seo ar roinnt de na príomhscileanna a bhaineann leis an bPolaitíocht agus an tSochaí: scileanna chun teacht ar chinntí machnamhacha agus eolasacha trí smaointe a phlé agus a chíoradh le daoine eile agus scileanna chun a bheith i do shaoránach gníomhach. Ba ghá na scileanna sin a theagasc go follasach, agus ba cheart am a chur i leataobh lena dteagasc. Ag an am céanna, forbrófar iad trína gcur i bhfeidhm go leanúnach agus mar sin de ba cheart leanúint ar aghaidh á gcleachtadh trí na gníomhaíochtaí foghlama a roghnaítear a theagasc sna ceithre haonaid uile. Déanfar forbairt ar a lán de na scileanna a dtugtar fúthu i snáithe 2 agus cuirfear i bhfeidhm iad trí rannpháirtíocht an fhoghlaimora i dtionscadal saoránachta. Is deis phríomha é an tionscadal seo le haghaidh foghlama i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí agus freisin is cuid é de mheasúnú an ábhair. Is iad na scileanna go príomha a aithnítear i snáithe 2 na cinn a fhorbrófar sa tionscadal seo. Cruthóidh an tionscadal deis freisin, áfach, chun roinnt de na príomhchoincheapa a chur i bhfeidhm a dtugtar aghaidh orthu i snáitheanna 1, 3 agus 4.

Tugann Snáithe 3 agus 4 deiseanna chun bunchoincheapa agus bunscoleanna na Polaitíochta agus na Sochaí a chur i bhfeidhm ag leibhéal níos doimhne agus níos doimhne.

Tá roinnt gnéithe bainte leis na snáitheanna seo. Is iad sin:

- ▶ plé ar ghnéithe áitiúla, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda na gceisteanna a ndéantar staidéar orthu
- ▶ fiosrúchán ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí i gcleachtais shóisialta agus pholaitiúla thart timpeall an domhain
- ▶ anailís agus léirmhíniú ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla taighde sóisialta agus polaitiúil
- ▶ úsáid cleachtais ghníomhacha, rannpháirtíochta, dhaonlathacha agus dhioscúrsacha sa teagasc agus san fhoghlaim.

Ceann de chomharthaí sóirt na Polaitíochta agus na Sochaí is ea iniúchadh ar smaointe difriúla faoi na bealaí agus na spriocanna is oiriúnaí den rannpháirtíocht dhaonna sa saol poiblí, sóisialta agus polaitiúil. Tógann foghlaimoirí ceisteanna áirithe agus breathnaíonn orthu ina gcomhthéacs áitiúil féin, ansin meabhraíonn siad orthu i gcomhthéacs níos leithne: agus dá réir sin tugann siad faoi

staidéar comparáideach. Le linn a gcuid staidéir, beidh foghlaimeoirí ag plé le meascán cothrom de chomhthéacsanna náisiúnta, Eorpacha agus domhanda agus le sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla.

Ciallaíonn sé sin go mbeidh struchtúr comónta ag baint le mórán de na topaicí a dtugtar fúthu i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí:

- ▶ féadann foghlaimeoirí tosú a phlé le topaic trína fhiosrú conas a bhaineann sé lena saol féin nó le comhthéacs a bhfuil ciall acu dó
- ▶ is féidir leo ansin fiosrú níos mine a dhéanamh ar an topaic sin trí réimse argóintí difriúla a úsáid ina leith
- ▶ agus sin á dhéanamh acu forbraíonn siad a gcuid scileanna caibidle agus cíortha agus anailís eolais; ag úsáid na scileanna sin dóibh, tig leo teacht ar chonclúidí
- ▶ féadann siad a gcomhthéacs féin a chur i gcomparáid le comhthéacs eile ag leibhéal náisiúnta, Eorpach nó domhanda
- ▶ is féidir leo breathnú ar an gcaoi ar chuidigh gníomhaithe agus smaointeoirí éagsúla le roinnt de na príomhsmaointe sin a fhorbairt.

Cé go dtugann an struchtúr sin ord loighciúil ina dtabharfaí faoi na topaicí seo, ba ghá don mhúinteoir na cinntí a dhéanamh faoi cén seicheamh agus struchtúr is oiriúnaí don fhoghlaim i bhfianaise a gcuid eolais féin ar a rang.

Is é ceann de ghnéithe na Polaitíochta agus na Sochaí go mbeidh foghlaimeoirí ag plé le smaointe réimse smaointeoirí, gníomhaithe agus scríbhneoirí ar cheisteanna sóisialta agus polaitiúla. Beidh na scoláirí a bhíonn ag déanamh staidéir ag Ardleibhéal ábalta roinnt scríbhneoirí ar leith a aithint agus an cion a rinne siad don smaointeoireacht shóisialta agus pholaitiúil. Áirítear i measc na scríbhneoirí a roghnaíodh don tsonraíocht mná agus fir as Éirinn, as an Eoraip agus ón domhan mór. Tá scríbhneoirí comhaimseartha i gceist chomh maith le pearsana níos stairiúla. Níltear a mhaíomh go measfaí iad sin ina rogha dheifnídeach de mhórsmaointeoirí an réimse sin. Is é atá i gceist áfach go léireodh siad an éagsúlacht, agus an t-athrú leanúnach sa smaointeoireacht i leith ceisteanna sóisialta agus polaitiúla.

LEITHDHÁILEADH AMA

Beartaítear go ndéanfar an Pholaitíocht agus an tSochaí a theagasc laistigh de 180 uair. Moltar go gcuirtear i leataobh tréimhse dhúbailte gach seachtain chun deis a thabhairt dóibh a bheith páirteach i gceann gníomhaíochtaí foghlama rannpháirtíochta agus in obair thionscadail.

Meastar go mbeidh tuairim is 30 uair ag teastáil chun an tionscadal saoránachta a éascú. Mar sin de, dearadh an tsonraíocht ionas go bhféadfaí gach ceann de na snáitheanna a theagasc trí 30 uair tosaigh rannpháirtíochta, agus 7.5 uair bhreise per snáithe le haghaidh dul siar agus atreisiú san fhoghlaim.

Litearthacht agus uimhearthacht

Tá scileanna litearthacht agus uimhearthachta neadaithe trasna gach ceann de na ceithre snáitheanna agus sna torthaí foghlama. Tacaítear le scileanna litearthachta an scoláire tríd an mbéim láidir a bhíonn ar dhíospóireacht, plé agus argóinteacht i rith na foghlama. Forbróidh siad a gcuid scileanna léitheoireachta, tuisceana agus scríbhneoireachta nuair a dhéanfaidh siad taighde, fiosrú, comparáid agus critic ar theoiricí, chás-staidéir agus eolas difriúil. Forbraítear a gcuid scileanna litearthachta digiteacha agus sna meáin de réir mar a úsáideann siad teicneolaíocht le haghaidh cuspóirí taighde agus láithreoireachta. Cabhraíonn an Pholaitíocht agus an tSochaí le scoláirí freisin litearthachta pholaitiúil a fhorbairt de réir mar a fhoghlaimíonn siad an focalstór agus na scileanna chun imeachtaí agus ceisteanna a phlé a théann i gcion orthu féin agus foghlaimíonn siad conas dearthaí eolasacha a chur in iúl ar na struchtúir pholaitiúla atá i bhfeidhm ar na leibhéil áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda.

Cabhraíonn an Pholaitíocht agus an tSochaí le scoláirí tuiscint agus scileanna matamaiticiúla a úsáid chun cuidiú leo anailís a dhéanamh ar cheisteanna casta a bhaineann leis an domhan fíor agus lena chuid fadhbanna. Le linn dóibh a bheith ag staidéar san ábhar seo, beidh scoláirí ag plé le sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon d'fhonn ceisteanna áitiúla, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda a fhiosrú. Forbraíonn siad a gcuid scileanna uimhearthachta agus iad ag rochtain agus ag léirmhíniú sonraí taighde sóisialta, ag scrúdú fianaise agus ag teacht ar chonclúidí. Úsáideann scoláirí réasúnaíocht mhataimaiticiúil freisin agus iad ag iniúchadh na bpatrún, na dtreochtaí agus na coibhneas idir na ceisteanna agus na himeachtaí sin (mar shampla, TF.5.3: Cuireann scoláirí síos ar na patrúin ilchineálachta atá le fáil ar oileán na hÉireann).

Cabhraíonn an scrúdú scríofa freisin le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta tríd an bhfócas atá ann, ní amháin ar eolas agus tuiscint a scrúdú, ach freisin ar scrúdú a dhéanamh ar


- ▶ scileanna anailíse agus léirmhíniú i dtaca le sonraí cáilíochtúla agus/nó cainníochtúla sóisialta agus polaitiúla
- ▶ an cumas chun argóint réasúnta agus loighciúil a dhéanamh-soiléireacht agus comhleanúnachas a bheith le hargóint agus bainistíocht smaointe

Oideachas um fhorbairt inbhuanaithe

Leagann an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe 2014 – 2020 béim ar an ngá chun Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) a chomhtháthú sa churaclam ón réamhscéil suas chomh fada leis an tsraith shinsearach. Is í aidhm na Straitéise Náisiúnta a chinntiú go gcuireann an t-oideachas le forbairt inbhuanaithe tríd an eolas cuí (an 'rud'), na príomh-mheonta agus na scileanna (an 'chaoi') agus na luachanna (an 'fáth') a thabhairt d'fhoghlaimoirí a spreagfaidh agus a chuirfidh ar a gcumas i rith a saoil a bheith ina saoránaigh eolasacha ghníomhacha a ghníomhóidh ar son todhchaí níos inbhuanaithe.

Tacaíonn an tsonraíocht seo na Polaitíochta agus na Sochaí le hoideachas don fhorbairt inbhuanaithe trí phríomhscileanna na sraithe sinsearaí atá comhtháthaithe ar fud na gceithre snáitheanna. Tá an t-eolas agus na scileanna a fhorbraítear ar fud na gceithre snáitheanna uile: Cumhacht agus cinnteoireacht; Saoránacht ghníomhach; Cearta agus freagrachtaí an duine agus Domhandú agus logánú tá siad ar fad lárnach don oideachas um fhorbairt inbhuanaithe. Lena chois sin, tugann Topaic 8, Forbairt Inbhuanaithe deiseanna den chéad scoth do scoláirí a bheith ag plé leis an réimse tábhachtach foghlama seo.

Príomhscileanna



Sa tsraith shinsearach, aithnítear cúig phríomhscil atá lárnach don teagasc agus don fhoghlaim trasna an churaclaim. Is iad sin *próiseáil eolais*, *a bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta*, *cumarsáid a dhéanamh*, *smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach* agus *obair le daoine eile*. Tá na príomhscileanna neadaithe laistigh de thorthaí foghlama na Polaitíochta agus na Sochaí agus meastar iad i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama sin.

Cuireann na gnéithe seo a leanas de chuid na Polaitíochta agus na Sochaí le forbairt na bpríomhscileanna.

TORTHAÍ FOGHLAMA

Is ráitis iad na torthaí foghlama ar na scileanna, an t-eolas, na luachanna agus na meonta atáthar ag súil le foghlaimeoirí a bheith ábalta a léiriú de thoradh na foghlama a bhaineann leis an topaic. Tá príomhscileanna ar nós próiseáil eolais agus smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach le fáil go rialta sna torthaí foghlama de bhrí go ndírítear ar fhoinsí éagsúla eolais a úsáid, ar sheasaimh dhifriúla a thuiscint agus ar fhianaise a mheas a thacaíonn leis na seasaimh sin nó a bhréagnaíonn iad. Tá scileanna a bhaineann le bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta agus obair le daoine eile le fáil go follasach sna torthaí foghlama sa snáithe ar Shaoránacht Ghníomhach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Ciallaíonn an fócas ar fhoghlaim ghníomhach agus rannpháirteach atá lárnach i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí gur féidir le foghlaimeoirí a bheith gafa sna gníomhaíochtaí foghlama is mó a bhaineann go díreach lena riachtanais foghlama agus lena modhanna foghlama féin. Is é atá i gceist leis an bPolaitíocht agus an tSochaí go mbítear i mbun díospóireacht dhaonlathach agus ag baint brí as tuairimí agus as seasaimh a bheidh ag plé go gníomhach leis an ábhar atá idir chaibidil. Dá réir sin, oireann réimse leathan gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama atá rannpháirteach agus ar bhonn fiosraithe don Pholaitíocht agus don tSochaí. Cabhraíonn na gníomhaíochtaí sin leis an bhfócas a bheith ar phríomhscileanna a fhorbairt.

MEASÚNÚ

Cabhróidh soiléireacht na dtorthaí foghlama le múinteoirí chun foghlaim scoláirí a mheas ar bhonn leanúnach agus chun aiseolas soiléir tacúil a sholáthar maidir leis an gcaoi ar féidir leo breis forbartha a dhéanamh ar a gcuid scileanna agus inniúlachtaí. Cruthaíonn an cur chuige gníomhach dioscúrsach i leith na foghlama sa chúrsa go leor deiseanna le haghaidh cleachtais fhoirmitheacha measúnaithe a chothóidh forbairt na gcúig phríomhscil. Éileoidh na socruithe mheasúnaithe atá beartaithe don chúrsa seo ar fhoghlaiméirí ábhar a chur i láthair a cruthaíodh de thoradh baint a bheith acu le príomhscileanna. Tarraingeoidh an tuairisc ar an tionscadal saoránachta, go háirithe, ar na príomhscileanna, obair le daoine eile agus a bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta. Éascóidh roinn an chás-staidéir sa scrúdú deireanach fócas ar na príomhscileanna próiseáil eolais; agus smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach. Is féidir freisin na scileanna próiseáil eolais, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach chomh maith le cumarsáid éifeachtach a mheas trí gach gné eile den mheasúnú.

Teagasc agus foghlaim

Chun go bhféadfaí tabhairt faoin ábhar go héifeachtach beidh seomraí ag teastáil ina mbíonn

- ▶ taithí ag foghlaiméirí ar thimpeallacht an tseomra ranga mar áit oscailte agus chomhbhách inar féidir le scoláirí a dtuairim a thabhairt go macánta agus ina bhfáiltítear roimh thriail a bhaint as rudaí, meancóga a dhéanamh agus foghlaim uathu
- ▶ spriocanna soiléire foghlama curtha in iúl d'fhoghlaiméirí agus gur féidir leo na spriocanna sin a shoiléiriú dóibh féin trína gcur i bhfeidhm agus trí aiseolas
- ▶ deiseanna ag foghlaiméirí an fhoghlaim a dhéanamh ábhartha bríoch dóibh féin trí choincheapa agus smaointe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna ón bhfíorshaol agus trí obair a dhéanamh le piaraí chun a dtuiscint ar smaointe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- ▶ foghlaiméirí ag fáil aiseolais a insíonn go soiléir dóibh cé na spriocanna foghlama atá bainte amach acu, cé na réimsí ar gá dóibh obair a dhéanamh iontu, agus conas a d'fhéadfadh siad obair a dhéanamh ar na réimsí sin
- ▶ fócas ar fhoghlaim conas foghlaim, agus ar scoláirí a bheith ag stiúradh agus ag glacadh freagrachta as a gcuid foghlama féin.

Is féidir timpeallacht den chineál sin a thógáil go minic ar mheasúnú ar chuir chuige, a bhaineann go príomha le measúnú a úsáid sa seomra ranga mar uirlis chun feabhas a chur ar fhoghlaim scoláirí, agus arb iad a leithéidí seo a gcomharthaí sóirt:

- ▶ intinní foghlama a roinnt le foghlaiméirí
- ▶ cabhrú le foghlaiméirí caighdeáin a bhfuil siad ag díriú orthu a aithint trí chritéir shoiléire ratha nó eiseamláiriú a thabhairt dóibh
- ▶ baint a bheith ag foghlaiméirí le measúnú ar a gcuid foghlama féin
- ▶ aiseolas a thabhairt a chabhraíonn le foghlaiméirí a aithint cad é is gá dóibh a dhéanamh chun na caighdeáin inmhianaithe a bhaint amach
- ▶ mothú muiníne a bheith á chur in iúl do gach foghlaiméir gur féidir leo feabhsú
- ▶ an teagasc a choigeartú chun torthaí an mheasúnaithe a chur san áireamh.

Cé go n-oireann réimse leathan gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama, atá rannpháirteach agus dírithe ar fhiosrú, don Pholaitíocht agus don tSochaí, tá roinnt modheolaíochtaí ar leith ann a thiocfadh a bheith an-luachmhar chun tacú leis an bhfoghlaim. Áirítear orthu sin díospóireacht agus plé, úsáid meáin chomhaimseartha éagsúla, bailiú agus anailísiú sonraí, punanna agus dialanna machnaimh.

DÍOSPÓIREACHT AGUS PLÉ

Rud lárnach i staidéar na Polaitíochta agus na Sochaí is ea an smaoineamh gur chóir d'fhoghlaimoirí blaiseadh a fháil de smaointe iomaíocha faoin domhan s'acu, deis a bheith acu na smaointe sin a chur i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh orthu de bharr na fianaise atá ar fáil, agus teacht ar chonclúidí. Dá bhrí sin, is modheolaíochtaí tábhachtacha don Pholaitíocht agus don tSochaí iad an díospóireacht, an plé agus an cur agus cúiteamh. Seachas sin, is gnách anois gur scil ríthábhachtach é le haghaidh rannpháirtíocht dhaonlathach a bheith ábalta dul i gceann plé ar bhonn dearfach d'fhonn teacht ar dhearcthaí machnamhacha agus eolasacha.

Ag an leibhéal is bunúsaí, is é atá i ndíospóireacht sraith d'argóintí foirmiúla ó bhéal ar son agus in éadan moladh cinnte. Cé gur fiú iad díospóireachtaí astu féin chun scileanna anailíse, feacht chriticiúil agus léirtheiscint ar thuairimí contrártha a chothú, braithfidh forbairt na scileanna sin ar an gcaoi a ndéantar an díospóireacht a struchtúrú agus ar thimpeallacht ghinearálta an tseomra ranga ina dtarlaíonn sí. Is fiú amanna idirdhealú a dhéanamh idir modh na díospóireachta agus a sprioc dheiridh. I gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí beidh foghlaimoirí difriúla i gceist agus iad ag cumadh argóintí a bhfuil sonraí taobh thiar dóibh, agus iad ag éisteacht le hargóintí daoine eile, agus ag déanamh critíc orthu, agus ag freagairt do na hargóintí sin ar dhóigh chuiditheach. Is í an sprioc dheiridh a ba chóir a bheith ag gach duine bogadh i dtreo conclúid níos machnamhaí agus níos eolasaí (seachas go mbeadh taobh amháin ag 'baint' agus an taobh eile ag 'cailleadh'). Is tábhachtach a chuimhneamh go mbíonn tionchar dearfach níos mó ar fhoghlaim scoláirí ag dul le cuir chuige foghlama chomhoibríoch ná a bhíonn leis an bhfoghlaim iomaíoch; mar sin de ba chóir díospóireachtaí a struchtúrú laistigh de chomhthéacs timpeallacht foghlama chomhoibríoch. Cruthaíonn plé an deis freisin go mbeadh smaointe difriúla ag dul i gcomórtas le chéile. Ach is gnách go ndéanann sé amhlaidh i gcomhthéacs nach bhfuil chomh struchtúrtha leis an gceann a úsáidtear i ndíospóireacht. Ar nós na díospóireachta, ba chóir gur i dtimpeallacht foghlama dhearfach agus chomhoibríoch a thitfeadh plé amach.

Is iad na scileanna céanna a bhíonn de dhíth le páirt a ghlacadh i bplé agus i ndíospóireacht, a bhfuil cur síos orthu i snáithe 2, agus a bhíonn ag teastáil chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile. Ba ghá go minic scileanna den chineál sin a léiriú d'fhoghlaimoirí agus iad cleachtadh a dhéanamh orthu, agus is minic gur fearr an suíomh ina mbíonn grúpa beag chun cabhrú le gach foghlaimoir a bheith rannpháirteach i ndíospóireacht, chun a gcuid scileanna a chleachtadh agus aiseolas a fháil orthu. Bíonn grúpaí beaga le cumas measctha an-éifeachtach ar fad chun tacú le raon cumas laistigh de rang. Nuair a bhíonn foghlaimoirí ag obair i ngrúpaí, ba chóir go ndearfaí na tascanna a shocraítear ionas go mbeidh ionchur agus rannpháirtíocht ag teastáil ó gach ball den ghrúpa chun go mbeidh an tasc curtha díobh go sásúil. Spreagfadh sé sin rannpháirtíocht éigin ó gach ball den ghrúpa agus chuirfeadh sé in iúl do bhaill an ghrúpa a thábhachtaí atá scileanna éisteachta.

MEÁIN CHOMHAIMSEARHTHA ÉAGSÚLA A ÚSÁID

Baileoidh foghlaimoirí eolas faoina saol sóisialta agus polaitiúil ó réimse meán, lena n-áirítear meáin chlóite (amhail leabhair, nuachtáin agus irisí), meáin chraolta (teilifís agus raidió) chomh maith le raon de mheáin dhigiteacha eile, ar nós suíomhanna gréasáin, meáin shóisialta agus foilseacháin ar líne. Níl na catagóirí seo comheisiach sa mhéid is gur féidir meáin chlóite agus chraolta, ó fhoinsí áitiúla agus domhanda, a rochtain trí na meáin dhigiteacha. Is é ceann de phríomhspriocanna na Polaitíochta agus na Sochaí go bhforbródh an foghlaimoir an cumas chun na tuairimí difriúla a aithint atá mar bhonn agus mar thaca ag argóintí a chuirtear trasna i meáin dá leithéid. Tá torthaí foghlama a bhaineann go háirithe leis an sprioc sin le fáil i rannáin 2.6 agus 4.4 agus ar bhonn níos ginearálta ar fud na sonraíochta ar fad. Nuair a bhaintear úsáid as na teachtaireachtaí a chuirtear i láthair i réimse leathan meán agus nuair a dhéantar anailís orthu, cabhraíonn sé sin le múinteoirí ceisteanna agus comhthéacsanna reatha a roghnú inar féidir smaointe agus coincheapa na Polaitíochta agus na Sochaí a fhiosrú.

Is féidir le foghlaimoirí dul i ngleic le meáin chomhaimseartha éagsúla ar roinnt bealaí, ina measc:

- ▶ anailís a dhéanamh ar íomhanna, teachtaireachtaí, tuairimí agus toimhdí faoi cheisteanna sóisialta agus polaitiúla atá le fáil ar mheáin dhifriúla

- ▶ anailís chriticiúil a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear fianaise agus sonraí chun tacú le hargóintí ar leith ina leithéid sin de mheáin
- ▶ a gcuid inneachair meáin féin a chumadh (mar shampla nuachtlitreacha, blaganna nó vicithe) chun tuiscint a fháil ar an bpróiseas ina ndéantar inneachair meáin a ghiniúint
- ▶ meabhrú ar chlaontacht na meán
- ▶ teicneolaíochtaí cumarsáide a úsáid mar mheán chun plé a dhéanamh, agus tuiscint a fháil, ar choincheapa agus ar smaointe ón Pholaitíocht agus ón tSochaí (mar a dhéantar trí fhóiraim dhíospóireachta ar líne, forbairt chomhoibríoch láithreoireachtaí, forbairt vicithe nó úsáid na meán sóisialta).

Is féidir TFC a úsáid chun tacú le cuir chuige eile i leith na foghlama. Mar shampla, coimeádtar punanna nó dialanna machnaimh agus déantar iad a bhainistiú i bhformáid leictreonach agus is féidir sonraí a bhailítear le linn tionscadail bheaga taighde a anailísiú ag úsáid scarbhileog nó bogearraí próiseáil focal.

BAILIÚ AGUS ANAILÍS SONRAÍ

Is ceann de spriocanna tábhachtacha na Polaitíochta agus na Sochaí é scileanna anailísiú agus léirmhíniú sonraí a fhorbairt i bhfoghlaimoirí. I dtaca leis sin de, tógfaidh an Pholaitíocht agus an tSochaí ar na scileanna bailiú agus anailísiú sonraí a fhorbraíonn scoláirí trína gcuid staidéir ar an matamaitic. Ach taithí a bheith acu i mbailiú agus in anailísiú sonraí, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil, tagann scoláirí isteach ar an tuiscint chun sonraí a úsáid in eolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla ón taobh istigh. Cabhróidh tionscadal beag taighde freisin a dhéanfar ar cheann de na coincheapa nó na smaointe i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí, cabhróidh sé sin leo an smaoineamh a cheangal le comhthéacsanna coinchréiteacha a bhfuil cur amach acu orthu agus a gcuid foghlama a fheabhsú dá réir. Thioctadh lena leithéid de thionscadal beag taighde ansin a bheith ina bhunús le tionscadal saoránachta an scoláire don mheasúnú i dtreo na hArdeistiméireachta.

De ghnáth chun tionscadal beag taighde a fhorbairt téitear trí roinnt céimeanna:

- ▶ Céim an deartha, ina n-aimseoidh na foghlaimoirí na smaointe a bhfuil siad chun staidéar a dhéanamh orthu, iad a shoiléiriú, cinneadh conas iad a dhéanamh oibríochtúil, meicníocht a fhorbairt chun sonraí a bhailiú (amhail suirbhé le haghaidh sonraí cainníochtúla nó sceideal agallamh nó prótacal breathnóireachta le haghaidh sonraí cáilíochtúla) agus meicníocht éigin a chur i bhfeidhm chun ábhair taighde / rannpháirtithe a aithint (mar shampla trí shampláil randamach le haghaidh sonraí cainníochtúla nó trí phríomhfhaisnéiseoirí a roghnú le haghaidh sonraí cáilíochtúla).
- ▶ Céim bhailiú sonraí, ina mbaileoidh foghlaimoirí na sonraí (mar a dhéanfaí trí shuirbhé, nó trí agallaimh nó breathnuithe a dhéanamh)
- ▶ Céim anailísiú sonraí, ina gcuirfidh foghlaimoirí a gcuid fianaise le chéile, tátail a bhaint aisti, agus seiceáil dhian a dhéanamh go bhfeicfidh siad an méid a thacaíonn a gcuid sonraí agus dearadh a dtaighde lena leithéid de thátail
- ▶ Céim bhreacadh síos, ina gcinnfidh foghlaimoirí ar na príomhphointí atá le cur in iúl agus ansin ina gcuirfidh siad a gcuid torthaí i láthair ag úsáid téacs, íomhánna agus bunstaitisticí ar dhóigh a thugann na torthaí sin le fios go héifeachtach.

Trí pháirt a ghlacadh i dtionscadal beag taighde den chineál sin, tuigfidh foghlaimoirí roinnt de na saincheisteanna móra a imríonn tionchar ar cháilíocht na dtáil is féidir a bhaint as sonraí. Cabhróidh sé sin leo ar a sheal a bheith ábalta meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar fhíora taighde nach bhfaca siad roimhe, tagairt a dhéanamh do chaighdeán na fianaise agus tátail a bhaint as an staidéar (toradh foghlama a ndéantar trácht air i rannáin 2.5; 6.1; 7.5 agus 8.2 de na snáitheanna staidéir).

CLEACHTAS ATHMHACHNAIMH

Tá an cleachtas athmhachnaimh tábhachtach ag scoláirí agus ag múinteoirí araon. Cabhraítear leis an athmhachnamh ar an bhfoghlaim trí phunanna agus/nó dialanna a úsáid. Le cois tacaíocht a thabhairt don mheasúnú foirmitheach, cabhraíonn siad seo freisin mar ullmhúchán don mheasúnú suimitheach.

PORTFÓILIÓ

Is cuid lárnach den Pholaitíocht agus den tSochaí í forbairt scileanna. Tá scileanna ar nós cumarsáid a dhéanamh, obair le daoine eile, agus a bheith obair le faisnéis ó thaighde eolaíocht shóisialta agus ag déanamh anailíse uirthi fíorthábhachtach i dtaca leis an bPolaitíocht agus an tSochaí. D'fhéadfadh na scileanna sin a bheith bainte leis an gcaoi a n-úsáideann daoine iad sa ghnáthshaol, ach ag an am céanna, éagsúil léi. Mar shampla, cé go ndéanann daoine cumarsáid le grúpaí ina ngnáthshaol, seans nach ndéanfadh siad é sin ar dhóigh a léiríonn gur féidir leo éisteacht go cúramach le dearcthaí eile, ionbhá a bheith acu agus malairt tuairimí a fheiceáil agus mothúcháin a chur in iúl ar bhealaí iomchuí. D'fhonn a bheith soiléir maidir le brí chruinn na scileanna a bheidh á bhforbairt tríd an bPolaitíocht agus an tSochaí, tá tacar beacht torthaí foghlama do gach ceann de na scileanna sin leagtha amach go follasach i gcreat phríomhscileanna na sraithe sinsearaí. Cabhróidh sé sin le foghlaimeoirí a bheith lánsoiléir faoina bhfuiltear a iarraidh uathu.

Chun na scileanna sin a fhoghlaim, beidh deiseanna ag teastáil ó fhoghlaimeoirí chun iad a chleachtadh. Is minic a tharlóidh an cleachtadh sin i gcomhthéacsanna seomra ranga ar dtús. Déanfaidh múinteoirí soiléir cén scil ata le foghlaim, léireoidh siad do na foghlaimeoirí í, agus soláthróidh siad deis chun an scil a chleachtadh faoi threoir agus chun aiseolas foirmitheach a thabhairt. Sa deireadh, beidh ar fhoghlaimeoirí na scileanna sin a chleachtadh ar a gconlán féin sa saol lasmuigh de sheomra ranga na Polaitíochta agus na Sochaí.

Tá leagan amach struchtúrtha ag baint le portfóilió a ligeann d'fhoghlaimeoirí a aithint conas a d'fhéadfadh scileanna, coincheapa agus smaointe na Polaitíochta agus na Sochaí a bheith bainte lena saol féin. Is amhlaidh a bhíonn gaol acu le dialanna machnaimh, ach go mbíonn siad níos struchtúrtha. D'fhéadfadh rogha de na torthaí foghlama le haghaidh na Polaitíochta agus na Sochaí a bheith sa phortfóilió chomh maith le spásanna d'fhoghlaimeoirí chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil siad ag léiriú chur i bhfeidhm na scileanna a ndéantar cur síos orthu i dtorthaí foghlama na Polaitíochta agus na Sochaí; cad faoi a bhfuil siad ag foghlaim agus conas na scileanna sin a fhorbairt; agus a oiread a chuirtear feabhas leis na scileanna sin agus a thugtar chun foirfeachta iad le himeacht aimsire.

Is uirlis ríluachmhar portfóilió dá leithéid chun cabhrú le gach foghlaimeoir a gcuid foghlama féin a *phleanáil* (mar shampla, trí na scileanna is gá dóibh a fhorbairt fós a aithint agus an t-eolas sin a úsáid chun gníomhaíocht a roghnú a ligfidh dóibh na scileanna a thaispeáint), *monatóireacht a dhéanamh* ar a gcuid foghlama féin agus *meastóireacht a dhéanamh* ar a gcuid foghlama féin. Tá baint mhór ag na scileanna pleanála, monatóireachta agus meastóireachta seo ar a gcuid foghlama féin leis an gcumas foghlaim conas foghlaim a fhorbairt, ar ceann de spriocanna oideachas ginearálta na sraithe sinsearaí í.

Bíonn ról tábhachtach ag portfóilió chun cabhrú le foghlaimeoirí fianaise a bhailiú ar a gcuid foghlama féin, agus úsáidtear iad, mar shampla, mar dhóigh chun doiciméadú a dhéanamh ar a gcuid foghlama sna scileanna obair le daoine eile agus a bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta agus iad ag obair i bpobail; scileanna a mheasfar sa deireadh mar chuid den tionscadal saoránachta.

Is féidir le scoláirí smaoinemh ar r-Portfóilió a choimeád ach teacht a bheith acu ar an teicneolaíocht chuí.

DIALANN MHACHNAIMH

Tá sé d'aidhm ag an bPolaitíocht agus an tSochaí cabhrú le foghlaimeoirí coincheapa agus smaointe na n-eolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla a chur i bhfeidhm agus iad i mbun saoránacht ghníomhach agus mhachnamhach i measc an phobail. Ar an gcaoi sin, ba cheart go bhfeicfí smaointe—ar cosúil le linn sracfhéachaint a thabhairt orthu gur smaointe teibí iad—amhail cumhacht, daonlathas, féiniúlacht agus cearta an duine, ba cheart go bhfeicfí go mbíonn tionchar díreach acu ar shaol agus ar chinntí an fhoghlaimeora ó lá go lá. Is é a deirtear faoi sin gurb é an cumas é ‘an mórfhictiúr a aithint sna mionsonraí’.

Foghlaimeoidh scoláirí chun na coincheapa sin a chur i bhfeidhm ina saol laethúil trí dheis a bheith acu é sin a dhéanamh. Is é an struchtúr atá curtha ar an bPolaitíocht agus an tSochaí gur iniúchadh é ar smaointe ó na heolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla i gcomhthéacs taithí saoil na ndaoine óga iad féin. Ligfidh a lán de na comhthéacsanna a roghnaíodh don staidéar (cinnteoireacht i scoileanna, beartais rialtais a imríonn tionchar ar dhaoine óga, cinntí maidir lena bhfuil nó nach bhfuil ina gcuraclam, na rudaí a cheannaíonn daoine óga agus an chaoi a mbíonn siad ag plé le carthanais nó le hobair dheonach agus mar sin de) ligfidh siad do dhaoine óga breathnú ar a dtaithe féin ar dtús agus ansin coincheapa agus smaointe a úsáid sa taithí sin.

Is amhlaidh, a thosaíonn foghlaimeoirí a mhachnamh ar a n-eispéiris féin agus a ndoiciméadú i ndialann mhachnaimh. Is féidir an dialann seo a chur isteach sa phunann. D'fhéadfadh siad an sampla as ceann de na torthaí foghlama a ghlacadh a ndéantar cur síos orthu i rannán 1.1, *'Ba chóir go bhféadfadh scoláirí cur síos a dhéanamh ar phróisis na cumhachta agus na cinnteoireachta ina scoil...i dtaca le gné amháin de rialacha na scoile a bhaineann le sábháilteacht, mar shampla polasaithe ar throdaíocht nó ar bhulaíocht'*. D'fhéadfadh rannpháirtíocht sa topaic a thosú agus foghlaimeoirí ag machnamh ar chás ina raibh a sábháilteacht phearsanta féin i gceist ar scoil, agus ar na daoine a bhí bainte le cinntí a dhéanamh faoi na rialacha a bhain leis an gcás áirithe sin. Is féidir le foghlaimeoirí ansin tagairt siar dó sin agus iad ag iarraidh na smaointe agus na coincheapa faoi chúrsaí cumhachta agus rannpháirtíocht sa chinnteoireacht a chur i bhfeidhm a fhorbraítear ar fud Topaic 1. Is féidir le foghlaimeoirí leasuithe agus athbhreithnithe a dhéanamh ar iontrálacha sa dialann mhachnaimh agus iad ag forbairt tuilleadh a dtuiscintí ar choincheapa, smaointe agus sonraí ábhartha.

I gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí beidh foghlaimeoirí ag plé in amanna le ceistanna a bhaineann leo go pearsanta. Ciallaíonn sé sin, is cuma cén mhodheolaíocht a úsáidtear, gur gá a bheith san airdeall chun timpeallacht shábháilte a chruthú inar féidir le foghlaimeoirí dul i ngleic le ceistanna. Sealbhóidh na foghlaimeoirí na scileanna chun timpeallacht shábháilte chuiditheach ghrúpa oibre a chruthú le linn an chúrsa seo agus go speisialta i snáithe 2 na Polaitíochta agus na Sochaí. I gcás dialanna machnaimh, ba chuí ón bhfíorthús plé agus comhaontú a dhéanamh ar na teorainneacha maidir leis an ábhar a roinnfear ina leithéidí sin d'iontrálacha dialainne. Thiocfadh dó go mbeadh siad seo ina measc:

- ▶ foghlaimeoirí ag aithint an mhéid is mian leo a roinnt agus an ceart ata acu nach n-iarrfadh aon duine orthu níos mó a roinnt ná is mian leo
- ▶ foghlaimeoirí a bheith measúil i dtaca le cuid machnamh a chéile
- ▶ foghlaimeoirí a bheith ábalta toimhdí agus tuairimí i machnaimh a chéile a cheistiú ar dhóigh chuiditheach dhearfach.

Is minic a thugann feacht ar na teorainneacha céanna sin bunús maith chun obair a dhéanamh i réimse mór ábhar a ardaíonn ceistanna pearsanta d'fhoghlaimeoirí (oideachas reiligiúnach, Béarla agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, mar shampla) agus tá nasc láidir idir í agus deimhin a dhéanamh de go mbraitheann foghlaimeoirí an seomra ranga ina thimpeallacht chomhbhách chásnach ina nglactar le smaointe difriúla a bheith á gcur i láthair agus ina bhfáiltítear roimh iarrachtaí agus roimh mheancóga a dhéanamh agus a bheith ag foghlaim uathu.

Difreáil

Is rud bunriachtanach é an difreáil sa teagasc agus san fhoghlaim, sa tsonraíocht agus i socrúithe ábhartha measúnaithe, d'fhonn freastal ar riachtanais na bhfoghlaimoirí go léir agus iad a shásamh.

Tugann an Pholaitíocht agus an tSochaí iliomad deiseanna do mhúinteoirí chun an t-ábhar a theagasc agus gnéithe de a roghnú ionas go bhfreastalaíonn sé go díreach ar riachtanais agus ar ábhair spéise na bhfoghlaimoirí go léir. Mar gheall ar an aird a dhírítear ar fhoghlaim ghníomhach agus rannpháirteach atá lárnach i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí is féidir le foghlaimoirí a bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí is mó a réitíonn lena gcuid riachtanais agus modhanna foghlama féin.

Is féidir difreáil a chur i bhfeidhm i dtaca leis an méid a chlúdaítear sa rang. Déantar sonrú i dtéarmaí ginearálta ar ábhar an chúrsa chun roghnú agus iniúchadh na dtopaicí a éascú ar na bealaí is suimiúla agus is ábhartha i saol na bhfoghlaimoirí.

Faoi mar atá le sonraíochtaí eile, déanfar measúnú ar an bPolaitíocht agus an tSochaí ag Ardleibhéal agus Ghnáthleibhéal araon. Tá na torthaí foghlama atá le clúdach faoin Ardleibhéal amháin le feiceáil faoi chló trom.

Measúnú

Déanfar an measúnú don teistiúchán i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí trí dhá chomhpháirt mheasúnaithe:

1. Tuairisc ar thionscadal saoránachta (20% den mharc iomlán).
2. Scrúdú scríofa (80% den mharc iomlán).

Bunófar an measúnú ar na haidhmeanna, spriocanna agus torthaí foghlama atá breactha síos sa tsonraíocht.

- ▶ Beidh an tionscadal saoránachta bunaithe ar mhionteagasc a eiseoidh an SSC go bliantúil. Tabharfar breac-chuntas sa choimre ar roinnt topaicí, a roghnóidh scoláirí ceann díobh le haghaidh a dtionscadail saoránachta. Leagfar amach sa choimre freisin paraiméadair an tionscadail agus na tuairisce a chuirfear faoi bhráid an CSS don mheasúnú.
- ▶ Measúnóidh an tuarascáil ar thionscadal saoránachta an cumas chun eolas agus coincheapa na Polaitíochta agus na Sochaí a úsáid le breithiúnais a dhéanamh faoin gcaoi le bheith gníomhach i bpobail, agus an cumas atá ag an scoláire chun machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad nó a bhain siad amach trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sa saol sibhialta, sóisialta agus polaitiúil.
- ▶ Déanfar measúnú sa scrúdú scríofa deiridh ar an gcumas atá ag scoláirí chun eolas agus coincheapa na Polaitíochta agus na Sochaí a úsáid chun argóintí a dhéanamh faoi cheisteanna polaitiúla agus sóisialta agus na scileanna atá acu chun anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhaineann le ceisteanna sóisialta agus polaitiúla.

5

Snáitheanna staidéir

Snáithe 1: Cumhacht agus cinnteoireacht

Topaic 1 Cumhacht agus cinnteoireacht ar scoil

Topaic 2 Cumhacht agus cinnteoireacht ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach

Snáithe 2: Saoránacht Ghníomhach

Topaic 3 Cur go héifeachtach le pobail

Topaic 4 Cearta agus freagrachtaí i gcumarsáid le daoine eile

Snáithe 3: Cearta agus freagrachtaí an duine

Topaic 5 Cearta agus freagrachtaí an duine in Éirinn

Topaic 6 Cearta agus freagrachtaí an duine san Eoraip agus sa domhan mór

Snáithe 4: Domhandú agus logánú

Topaic 7 Domhandú agus féiniúlacht

Topaic 8 Forbairt Inbhuanaithe

Is iad na torthaí foghlama faoi **chló trom** amháin a bhfuil staidéar le déanamh orthu ag an Ardleibhéal.

Snáithe 1: Cumhacht agus cinnteoireacht

Baineann a lán de na bunsmoite agus na hargóintí de chuid na n-eolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla, na hantraípeolaíochta agus na fealsúnachta polaitiúla leis an gcaoi ar féidir le caomhnú an oird shóisialta feabhas a chur ar shaol daoine agus leis an gceist cé a bhaineann agus cé a chailleann de bharr na mbealaí difriúla ina n-eagraítear sochaithe. Cuimsíonn sé sin díospóireachtaí agus plé ar na bealaí ina mbíonn daoine idirspéach; ról rialacha, dlíthe, norm agus luachanna chun ord a chinntiú; an chaoi ar féidir an lag a chosaint ag an láidir agus ón láidir; cé a bhíonn thíos agus cé a bhíonn thuas faoi rialacha agus faoi dhlíthe sochaithe comhaimseartha; agus ar na bealaí is oiriúnaí chun athrú a thionscnamh sa tsochaí. Taobh thiar dóibh sin ar fad faightear ‘ceist na cumhachta’ agus is díol spéise é cé aige a bhfuil an chumhacht agus cé atá ábalta í a úsáid: chun tabhairt ar dhaoine gníomhú ar bhealaí nach ngníomhódh siad ach ab é sin; chun rialacha agus cleachtais a bhunú agus a fhorghníomhú agus chun smaointe agus tuairimí daoine a mhúnlú.

Cé go bhfuil a lán bealaí ann inar féidir na smaointe sin a fhiosrú, tugtar fúthu sa snáithe seo trí bhreathnú ar na daoine a bhíonn rannpháirteach sa chinnteoireacht agus ar an mbonn ina nglacann siad páirt. Fiosraíonn an snáithe seo na smaointe bunúsacha sin in eolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla trí dhá chomhthéacs: cinnteoireacht ar scoil agus cinnteoireacht in institiúidí daonlathacha ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach.

Tosaítear Topaic 1 le fiosrúchán ar an rannpháirtíocht i gcinnteoireacht i scoileanna. Sa chaoi sin tugann sé deis do scoláirí breathnú ar na díospóireachtaí agus ar na ceisteanna faoi chumhacht agus faoi chinnteoireacht i gcomhthéacs ina bhfuil na ceisteanna seo iontach fíor agus a bhfuil brí leo ina saol féin. Cabhróidh sé sin leo a fheiceáil go bhfuil baint dhíreach ag smaointe, díospóireachtaí agus sonraí na heolaíochta sóisialta agus polaitiúla lena saol féin. Díríonn na díospóireachtaí sa Topaic seo ar

- ▶ cén fáth nó an bhfuil rialacha / dlíthe ag teastáil uainn
- ▶ cé na daoine ar chóir dóibh a bheith i mbun na rialacha / dlíthe seo a dhéanamh agus cén fáth
- ▶ cé acu ar chóir rialacha / dlíthe a shrianadh le díriú ar shábháilteacht phearsanta nó cé acu atá tacar rialacha níos leithne ná sin ag teastáil uainn
- ▶ cé a bhaineann tairbhe as an gcaoi a ndéantar na rialacha / dlíthe
- ▶ cé a chuireann na rialacha / dlíthe i bhfeidhm agus cén chaoi a ndéanann siad é.

Ar deireadh, trí na díospóireachtaí seo a bheith acu, forbróidh na foghlaimeoirí a dtuiscint ar ghnéithe difriúla na cumhachta sa saol sóisialta agus polaitiúil.

Dírítear i dTopaic 2 ar an gcinnteoireacht in institiúidí daonlathacha ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Tá iliomad brainsí difriúla rialtais agus institiúidí difriúla trína bhféadfaí an chinnteoireacht a iniúchadh. Dírítear sa Topaic seo go háirithe ar an gcaoi ina ndéantar ionadaíocht do dhaoine laistigh de bhainse feidhmiúcháin an rialtais in Éirinn, agus, ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, i dTuaisceart Éireann agus san Aontas Eorpach. Coimeádann comparáid den chineál sin an bhéim ar institiúidí a bhfuil brí dhíreach acu le saol daoine in Éirinn agus ag an am céanna ligeann sí do scoláirí tuiscint níos fearr a bheith acu gur de bharr roghanna a dhéantar a bhíonn eagraíocht pholaitiúil de chineál ar bith ann.

Tá ról an-tábhachtach ag baint leis na meáin go háirithe sa mhéid is go gcuireann siad le nádúr an phlé i sochaithe daonlathacha agus go múnlaíonn siad é. I dteannta fócas a dhíriú ar bhainse feidhmiúcháin an rialtais, mar sin de, tá fócas ar leith i dTopaic 2 ar ról na meán i sochaithe daonlathacha.

Faoi dheireadh snáithe 1 beidh blaiseadh faighte ag foghlaimeoirí ar a lán de smaointe agus de choincheapa bunúsacha na Polaitíochta agus na Sochaí. Áirítear ina measc sin cumhacht, ionadaíocht, daonlathas, aicme shóisialta agus inscne. Tabharfaidh snáitheanna ina dhiaidh sin deiseanna chun úsáid níos mó a bhaint as na tuiscintí atá acu ar na coincheapa seo agus tuiscintí níos doimhne a bheith acu. Bheadh foghlaimeoirí tar éis tús a chur freisin le fianaise agus le sonraí a úsáid chun teacht ar bhreithiúnais mhachnamhacha faoi bhuncheisteanna sa saol sóisialta agus polaitiúil.

TOPAIC 1: CUMHACHT AGUS CINNTEOIREACHT AR SCOIL

FOGHLAIMIÓNN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
1.1 próisis na cumhachta agus na cinnteoireachta ina scoil	<p>cur síos a dhéanamh ar phróiseas na cinnteoireachta agus ról ghrúpaí éagsúla amhail múinteoirí, an príomhoide, tuismitheoirí, scoláirí, comhairle na scoláirí, an bord bainistíochta, an patrún, comhlachtaí reachtúla, an rialtas, maidir le:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ gné amháin de rialacha scoile a bhaineann le sábháilteacht, mar shampla polasaithe ar throdaíocht nó ar bhulaíocht▶ gné amháin de rialacha scoile nach mbaineann le sábháilteacht, mar shampla rialacha faoin éide scoile <p>teacht ar chonclúid, bunaithe ar na samplaí sin, maidir le cén duine nó cén grúpa acu sin is mó nó is lú a imríonn tionchar ar rialacha scoile</p>
1.2 argóintí maidir leis an ngá i gcomhair rialacha	<p>na hargóintí seo a leanas faoi rialacha agus faoin bpróiseas ina ndéantar rialacha a úsáid ina gcuid focal féin agus ina gcomhthéacs féin:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ tugann rialacha cosaint do bhaill laga an phobail ó bhaill is láidre ná iad agus▶ tugann siad creat i gcomhair rannpháirtíocht ordúil san fhoghlaim ar scoil▶ ba chóir gurb ag na daoine is mó eolas agus críonnacht a bheadh an ról is mó i gcur le chéile rialacha▶ níor chóir ach fíorbheagán rialacha a bheith ann agus iad siúd dírithe ar dhaoine a choimeád slán amháin; aon rud thairis sin is sárú é ar shaoirse daoine▶ is féidir leo siúd is mó a bhfuil cumhacht nó tionchar acu rialacha a dhéanamh a thagann lena leas féin agus ní le leas gach duine sa phobal▶ tá contúirt ann go ndéanfaidh siad siúd a bhfuil an chumhacht acu rialacha a fhorfheidhmiú go dírialta▶ is trí chloí le noirm agus le luachanna, agus ní trí fhorfheidhmiú rialacha, a choimeádtar rudaí agus daoine in ord <p>dul i ngleic le tuairimí difriúla agus, mar is cuí, fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu argóint is infhulaingthe</p> <p>a aithint cé acu ceann de na hargóintí seo a luafaí le seasamh ‘den eite chlé’ agus cé acu a bhainfeadh le seasamh ‘den eite dheis’ agus cé acu a d’fhéadfaí a cheangal le ceachtar acu</p>

TOPAIC 1: CUMHACHT AGUS CINNTEOIREACHT AR SCOIL

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
1.3 smaointe atá taobh thiar de na hargóintí seo	na gnéithe seo a leanas de choincheap na cumhachta a léiriú maidir lena dtimpeallacht féin: <ul style="list-style-type: none">▶ tabhairt ar dhaoine gníomhú ar bhealaí nach ndéanfadh siad go hiondúil ach ab é sin▶ a bheith ábalta rialacha nó cleachtais a shocrú a théann chun sochair grúpaí áirithe seachas a chéile▶ a bheith ábalta smaointe a mhúnlú ionas go smaoinoidh daoine gurb í caoi áirithe chun rudaí a dhéanamh an chaoi is fearr nó an t-aon chaoi (idé-eolaíocht)▶ is féidir le réimse daoine nó grúpaí i sochaí cumhacht a bheith acu, lena n-áirítear iad siúd ar cosúil go bhfuil siad 'gan chumhacht' institiúideach
1.4 fianaise maidir le tionchair rialacha agus próiseas déanta rialacha	fianaise ó thaighde a choimriú ar cá mhéad atá, nó nach bhfuil, grúpaí áirithe faoi ghannionadaíocht sna próisis chinnteoireachta i scoileanna dul i ngleic le tuairimí difriúla agus fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid cé acu atá próisis chinnteoireachta i scoileanna oiriúnach

Snáithe 2: Saoránacht Ghníomhach

Pléann snáithe 1 leis na coincheapa agus na smaointe atá bunúsach i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí. Dírionn sé freisin ar roinnt de na scileanna bunúsacha a bhaineann le hanailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar fhianaise agus ar shonraí. Pléann snáithe 2 le réimse eile scileanna atá bunúsach freisin don tsaoránacht éifeachtach agus mhachnamhach. Cuimsíonn siad sin na scileanna chun cur go héifeachtach le pobail agus na scileanna a bhaineann le cur agus cúiteamh agus teacht chun cinnidh le linn obair le daoine eile.

Caoi amháin inar féidir le foghlaimeoirí an méid a d'fhoghlaim siad a spré trasna ar Aonaid na Polaitíochta agus na Sochaí le chéile is ea an tionscadal saoránachta, a dtabharfar faoi i dtaca le ceann de théamaí an ábhair. Cuirfidh an tionscadal seo ar chumas scoláirí deiseanna a mheas chun dul i mbun gnímh i bpobail, chun an ghníomhaíocht a roghnaíonn siad a dhéanamh a chosaint, agus chun a gcuid foghlama féin a mheas ó bheith ina rannpháirtithe gníomhacha sa saol poiblí, sóisialta agus polaitiúil. Cé go dtarraingeoidh foghlaimeoirí ar na torthaí foghlama uile ó gach snáithe agus iad i mbun an tionscadail seo, is iad na torthaí foghlama a shonraítear in Snáithe 2 is mó a bhaineann leis an tionscadal. Tabharfar ualú de 20% don tionscadal sna marcanna do mheasúnú deiridh na Polaitíochta agus na Sochaí.

Dírítear i dTopaic 3 ar bheith i do rannpháirtí gníomhach i ngné éigin den saol poiblí, sóisialta agus polaitiúil. Léiríonn sí an phríomhscil 'a bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta'. Tosaíonn Topaic 3 a dhíriú ar chineálacha difriúla gnímh is féidir a dhéanamh sa saol sóisialta agus polaitiúil, sula dtéitear ar aghaidh chun na scileanna a fhiosrú a chuireann ar chumas duine a bheith éifeachtach sna gníomhartha a roghnaíonn siad a dhéanamh.

Tugann Topaic 4 aghaidh ar na scileanna a bhaineann le bheith ag obair le daoine eile i ngrúpaí agus sa tsochaí dhaonlathach trí chéile. Léiríonn sí an phríomhscil 'obair le daoine eile'. Ó tharla go dtosaítear sa topaic seo a bhreathnú ar chearta agus ar fhreagrachtaí a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh, cruthaíonn sí nasc le Snáithe 3: Cearta agus Freagrachtaí an Duine.

Bíodh is go gcuirtear Snáithe 1 agus 2 i láthair go seicheamhach, dáiríre teagascfar na scileanna atá le fáil in Snáithe 2 le hais na gcoincheap agus na smaointe a mbítear ag plé leo in Snáithe 1. Beidh siad á gcleachtadh agus á gcur i bhfeidhm freisin trí na cuir chuige teagaisc agus foghlama a roghnaítear thar na ceithre haonaid ar fad.

TOPAIC 2: CUMHACHT AGUS CINNTEOIREACHT AG LEIBHÉAL NÁISIÚNTA AGUS EORPACH

FOGHLAIMIÓNN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
2.1 beartas náisiúnta a dhéanamh	<p>cur síos ar phróiseas na cinnteoireachta ag leibhéal náisiúnta i dtaca le polasaí a imríonn tionchar ar dhaoine óga, ag tagairt do ról na ngrúpaí seo:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ grúpaí nó comhlachtaí sa tsochaí shibhialta▶ comhlachtaí reachtúla▶ an státseirbhís▶ próiseas na comhpháirtíochta sóisialta▶ an t-aire ábhartha agus an rialtas▶ páirtithe polaitíochta▶ Tithe an Oireachtais▶ an tAontas Eorpach▶ comhaontaithe fornáisiúnta amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
2.2 conas a roghnaítear brainse feidhmiúcháin an rialtais	<p>forbhreathnú a thabhairt ar oibríocht bhraintí feidhmiúcháin, reachtúla agus breithiúnacha an rialtais</p> <p>cur síos ar na córais vótála do Thithe an Oireachtais, lena n-áirítear teidlíocht i leith cearta vótála agus na srianta atá leo</p> <p>cur síos ar an gcaoi a ndéantar an Taoiseach agus an rialtas a roghnú, agus ar a ról</p> <p>cur síos ar an gcaoi a ndéantar Feidhmeannas Thuaisceart Éireann a roghnú, agus ar ról na n-airí</p> <p>cur síos ar an gcaoi a ndéantar Coimisiún na hEorpa a roghnú, ar an gcaoi a ndéantar Parlaimint na hEorpa a roghnú, ar an gcaoi a bhfuil Comhairle Aontas na hEorpa comhdhéanta (Comhairle na nAirí), agus a ról feidhmiúcháin faoi seach</p> <p>cur síos ar an gcaoi a gcuirtear an feidhmeannas in áit i dtír neamhdhaonlathach shamplach</p> <p>na ceithre chur chuige seo chun feidhmeannas a roghnú a chur i gcomparáid, agus na láidreachtaí agus na laigí a bhaineann le gach ceann acu a aithint</p>

TOPAIC 2: CUMHACHT AGUS CINNTEOIREACHT AG LEIBHÉAL NÁISIÚNTA AGUS EORPACH

FOGHLAIMIÓNN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
2.3 aicme shóisialta agus inscne mar chatagóirí sóisialta tábhachtacha	<p>cur síos ar an mbrí a bhaintear as ‘aicme shóisialta’</p> <p>an dearcadh a léiriú gur gné thábhachtach, sa chaipitleachas, idirdhealú na n-aicmí sóisialta, chun catagóiriú a dhéanamh ar cé aige a bhfuil agus nach bhfuil an chumhacht</p> <p>meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar an dearcadh gur gné thábhachtach, sa chaipitleachas, idirdhealú na n-aicmí sóisialta, chun catagóiriú a dhéanamh ar cé aige a bhfuil agus nach bhfuil an chumhacht</p> <p>sainmhíniú a thabhairt ar cad is brí le ‘patrarcacht’ agus an dearcadh a léiriú gur gné thábhachtach, sa phatrarcacht, idirdhealú na n-inscní, chun catagóiriú a dhéanamh ar cé aige a bhfuil agus nach bhfuil an chumhacht</p> <p>meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar an dearcadh gur patrarcacht í sochaí chomhaimseartha na hÉireann</p>
2.4 argóintí a bhaineann le hionadaíocht	a aithint cé chomh hábhartha agus atá na hargóintí agus na smaointe a pléadh i dTopaic 1.2 agus 1.3 ag leibhéal náisiúnta
2.5 fianaise ar éifeachtúlacht na hionadaíochta	<p>coimriú a dhéanamh ar an bhfianaise ó thaighde ar éifeachtúlacht chóras toghchánaíochta na hÉireann chun ionadaíocht a dhéanamh do thoil phobal uile na hÉireann</p> <p>dul i ngleic le tuairimí difriúla agus fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid cé acu atá córas rialtais na hÉireann éifeachtach chun ionadaíocht a dhéanamh do thoil phobal uile na hÉireann</p> <p>meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar phársa taighde cáilíochtúil nó cainníochtúil—nach bhfaca siad riamh roimhe—ar ghné den ionadaíocht sa chinnteoireacht, ag tagairt do cháilíocht na fianaise agus na gconclúidí ar thángthas orthu sa staidéar sin</p>

TOPAIC 2: CUMHACHT AGUS CINNTEOIREACHT AG LEIBHÉAL NÁISIÚNTA AGUS EORPACH

FOGHLAIMIÓNN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
2.6 meáin thraidisiúnta agus meáin nua i stáit dhaonlathacha	<p>nádúr athraitheach na meán comhaimseartha a fhiosrú, ag aithint:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ tréithe na gcineálacha difriúla meán▶ rialú na faisnéise i gcineálacha difriúla meán▶ na dúshlán roimh rialálaithe na meán <p>cur síos ar an mbrí atá le ‘saoirse an phreasa’ agus ‘freagracht shóisialta an phreasa’ agus ‘cuntasacht an phreasa’</p> <p>na ról a aithint a shíltear a bheith ag an trí choincheap sin i sochaí dhaonlathach</p> <p>cur síos ar an mbrí atá le ‘saoirse an phreasa’ agus ‘freagracht shóisialta an phreasa’ agus ‘cuntasacht an phreasa’</p> <p>na ról a aithint a shíltear a bheith ag an trí choincheap sin i sochaí dhaonlathach</p> <p>ag tarraingt ar na smaointe a thugtar in 1.3, cur síos ar chumhacht cineálacha éagsúla meán i dtaca le:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ úinéireacht agus rialú na meán▶ ról na fógraíochta sna meáin▶ cumhacht na ndaoine a oibríonn sna meáin▶ na straitéisí spriocaimsiú tomhaltóirí a úsáideann na meáin▶ túsphointe an inneachair sna meáin▶ cumhacht agus tionchar domhanda na meán
2.7 rannpháirtithe sna díospóireachtaí seo	cur síos i dtéarmaí ginearálta agus coimre ar an tionchar a bhí ag Thomas Hobbes, John Locke, Robert Nozick, Sylvia Walby, Karl Marx agus Kathleen Lynch ar an gcaibidil sa snáithe seo agus ar na comhthéacsanna lenar bhain a dtionchair sin.

TOPAIC 3: CUR GO HÉIFEACTACH LE POBAIL

FOGHLAIMIÓNN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
<p>3.1 daoine a chuir go dearfach lena gcomhthéacs sóisialta</p>	<p>cur síos ar dhóigh ghinearálta ar an gcaoi inar thriail daoine, as Éirinn agus ar fud an domhain mhóir, rudaí a dhéanamh a chonaic siad mar thionchar dearfach ar a sochaí, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ duine éigin a chuaigh le hobair charthanachta, dheonach nó phobail ▶ duine éigin a tharraing oifig pholaitíochta air féin ▶ duine éigin a roghnaigh obair a dhéanamh sa tseirbhís phoiblí ar nós múinteora, altra nó oibrí sóisialta ▶ duine éigin a bhain úsáid as an dlí ▶ duine éigin a d'úsáid easumhlaíocht shibhialta ar nós Gandhi ▶ duine éigin a mhol úsáid an fhoréigin in aghaidh stát neamh-dhaonlathach ar nós Nelson Mandela <p>meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar oiriúnacht na straitéise a roghnaigh na daoine seo</p> <p>na cáilíochtaí pearsanta a shainaithint a bhaineann le bheith éifeachtach chun tionchar dearfach a bheith agat ar an tsochaí</p>
<p>3.2 a bheith bainte le, nó tús a chur le tionscnamh, grúpa nó eagraíocht</p>	<p>teagmháil a dhéanamh le tionscnaimh, grúpaí nó eagraíochtaí atá bainte le polaitíocht, cearta an duine, éagsúlacht chultúrtha nó Forbairt Inbhuanaithe</p> <p>eolas a bhailiú atá bainteach lena rannpháirtíocht féin san eagraíocht, grúpa nó tionscnamh</p>
<p>3.3 an réimse bealaí chun dul i mbun gnímh ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta</p>	<p>tabhairt faoi chineál éigin gnímh a comhaontaíodh le tionscnamh, grúpa nó eagraíocht atá bainte le polaitíocht, cearta an duine, éagsúlacht chultúrtha nó Forbairt Inbhuanaithe nó tionscnamh, grúpa eagraíocht nua a fhorbairt ag obair i gceann de na réimsí sin</p> <p>an cineál gnímh a roghnaigh siad a dhéanamh a chosaint i bhfianaise roghanna ailtéarnacha a bheith ann</p>

TOPAIC 3: CUR GO HÉIFEACHTACH LE POBAIL

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
<p>3.4 spriocanna pearsanta agus comhchoiteanna a aithint, a mheas agus a bhaint amach, lena n-áirítear pleananna gnímh a fhorbairt agus a mheas</p>	<p>aidhmeanna agus spriocanna pearsanta agus comhchoiteanna a shocrú atá le baint amach taobh istigh d’am áirithe</p> <p>pleananna gnímh a chumadh chun cabhrú leis na spriocanna a bhaint amach agus modhanna a aimsiú chun monatóireacht a dhéanamh ar a fheabhas atá ag éirí leis na pleananna</p> <p>comhoibriú le baill eile an ghrúpa chun spriocanna comhchoiteanna a aithint</p> <p>comhoibriú le baill an ghrúpa chun a aithint conas is féidir le ról dhifriúla cur leis na spriocanna comhchoiteanna</p> <p>smaointe agus riachtanais laistigh den ghrúpa a chur in iúl</p> <p>aon chabhair agus acmhainní a aithint a bheidh ag teastáil chun na pleananna a chur i bhfeidhm agus na spriocanna a bhaint amach</p> <p>laistigh d’amscála áirithe, meastóireacht a dhéanamh ar an méid a baineadh na spriocanna amach agus dul i mbun machnamh pearsanta ar an bpróiseas socrú aidhmeanna agus spriocanna</p>
<p>3.5 tréithe pearsanta a fhorbairt a chabhróidh i suíomhanna nua agus deacra, ar nós a bheith solúbtha, a bheith iontaofa agus a bheith ábalta righniú nuair a thagann deacrachtaí aníos</p>	<p>a aithint gur dócha go mbeidh neamhchinnteacht ag baint le suíomhanna nua agus go dtabharfaidh siad dúshlán phearsanta agus buanseasamh a dhéanamh iontu</p> <p>a bheith tionscanta ar ócáidí áirithe agus gan cúraimí a fhágáil i gcónaí faoi dhaoine eile</p> <p>a bheith solúbtha agus a bheith ullamh chun triail a bhaint as cur chuige difriúil</p> <p>a bheith iontaofa ag tabhairt tascanna agus bearta chun críche</p>
<p>3.6 tú féin a luacháil, meastóireacht a dhéanamh ar do chuid oibre féin, aiseolas a fháil agus freagairt dó</p>	<p>am a chur i leataobh chun éachtaí reatha a mheas go grinn agus, le cabhair ó dhaoine eile, breathnú go hionraic ar a gcuid láidreachtaí agus laigí</p> <p>teacht aniar a léiriú maidir le haiseolas a fháil agus ciall a bhaint as</p>

TOPAIC 4: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ I GCUMARSÁID LE DAOINE EILE

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
<p>4.1 cearta ar shaoirse cainte i gcomhthéacsanna le grúpaí beaga</p>	<p>cur síos ar a gcearta chun a dtuairimí a chur in iúl agus éisteacht a fháil ar cheisteanna a théann i gcion orthu (airteagal 12) smaointe agus eolas a lorg, a fháil agus a roinnt (airteagal 13 agus airteagal 17) de réir Choinbhinsiún um Chearta an Linbh</p> <p>coimre a dhéanamh ar fhianaise ó thaighde ar cé acu a bhíonn na cearta sin ag gach duine in Éirinn</p> <p>dul i ngleic le dearcthaí difriúla agus fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid cé acu a bhíonn na cearta seo ag gach duine in Éirinn ar bhonn cothrom</p> <p>a aithint gur sealbhóir cearta agus seachadóir dualgais araon iad i dtaca leis na cearta seo, agus go mbíonn ról le himirt ag scileanna éisteachta, cumarsáide, agus aimsiú agus meastóireacht eolais chun a chinntiú go mbíonn na cearta seo ag cách</p>
<p>4.2 scileanna éisteachta agus cumarsáide a fhorbairt</p>	<p>páirt a ghlacadh i bpróiseas 'grúpa beag' trí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ pointí a dhéanamh go soiléir agus go gonta ▶ éisteacht go haireach le dearcthaí eile ▶ ionbhá a fhorbairt agus malairt tuairimí a fheiceáil ▶ mothúcháin a chur in iúl ar bhealaí iomchuí ▶ cabhrú le daoine eile muintearas a bhraistint ▶ cabhrú leis an ngrúpa a spreagadh chun leanúint orthu in aghaidh deacrachtaí ▶ éachtaí an ghrúpa a cheiliúradh
<p>4.3 difríochtaí a aithint agus dul i gcomhairle faoi aighnis agus iad a réiteach</p>	<p>déileáil le haighneas sa ghrúpa trí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ meas a thaispeáint do chearta agus do dhearcthaí daoine eile sa ghrúpa ▶ ionbhá a fhorbairt tríd an gcás a shamhlú ó dhearcadh daoine eile ▶ ceisteanna pearsanta agus caidrimh a scaradh ón gceist atá faoi chaibidil ▶ teicnící a úsáid chun cabhrú le réitigh agus roghanna ailtéarnacha a fhiosrú amhail ransú intinne, léirshamhlú, tréithe dearfacha / diúltacha / suimiúla a liostú ▶ réimsí aontaithe agus easaontaithe a aithint idir na seasaimh dhifriúla ▶ moltaí a thabhairt faoi réitigh fhéideartha agus bealaí chun cinn ▶ na hiarmhairtí is dócha a bheidh le roghanna agus le malairtí a thuar agus scrúdú córasacha a dhéanamh ar bhuntáistí agus ar mhíbhuntáistí gach cinn acu ▶ tionchar na srianta sa saol mar atá a aithint ▶ meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí réiteach agus cinntí sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon ▶ tuiscint a bheith acu ar an laofacht is dócha a bheidh ann trí anailís 'na hiarghaoise' a dhéanamh ▶ modhanna chun aighneas a réiteach a aontú

TOPAIC 4: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ I GCUMARSÁID LE DAOINE EILE

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
4.4 faisnéis agus smaointe a lorg agus a mheas	<p>faisnéis agus smaointe a lorg agus a mheas a fuarthas ó na meáin thraidisiúnta, meáin nua agus go díreach ó dhaoine eile ar chaoi loighciúil, trí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ eolas a rochtain ó réimse de mheáin chomhaimseartha, agus trí bheith ábalta daoine cuí a aithint chun ceist a chur orthu▶ tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin a bhaint as daoine eile trí úsáid chúí straitéisí ceistiúcháin agus freagartha▶ an difríocht idir tuairim, breithiúnas réasúnach agus fíric a aithint▶ breithiúnas a thabhairt ar inchreidteacht foinse eolais ag úsáid critéar amhail údarthacht, réim, laofacht fhéideartha▶ comhpháirteanna argóna a aithint amhail toimhdí, cúiseanna, frithargóintí agus conclúidí▶ bheith neamhchlaonta agus fiosrach go leor chun dul i mbun tuairimíocht agus argóna▶ na héifeachtaí a bhaineann le focail chorraitheacha a úsáid in argóintí▶ ról mothúchán chomh maith le loighic a aithint chun dul i bhfeidhm ar bhreithiúnais daoine▶ meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid cumarsáid scríofa agus bhriathartha ar bhonn na gcritéar sin
4.5 cleachtais dhaonlathacha i ngrúpaí beaga a cheangal leis na cineálacha cleachtas atá oiriúnach do shaoránaigh sa tsochaí trí chéile	a aithint conas a thiocfadh le scileanna na rannpháirtíochta daonlathaí a úsáid go cuí i ngrúpaí beaga i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, na hEorpa agus an domhain mhóir

Snáithe 3: Cearta agus freagrachtaí an Duine

Siúd is go dtugann Snáitheanna 1 agus 2 breac-chuntas ar choincheapa agus ar scileanna bunúsacha na Polaitíochta agus na Sochaí, tugann Snáitheanna 3 agus 4 deis chun iad a úsáid agus a chleachtadh níos mine.

Is príomhchuspóir de chuid na Polaitíochta agus na Sochaí é tuiscint agus meas a bheith ar chearta agus freagrachtaí an duine agus ar dhíon an duine. Tugann Snáithe 3 faoin gcuspóir sin ar bhonn díreach. Ar nós aonaid and topaicí eile, tosaíonn sé le fócas ar chomhthéacs atá bainte go díreach le saol daoine óga, is e sin, a gcearta ar oideachas. Beidh foghlaimoirí ábalta tagairt siar freisin chuig an staidéar a rinne siad níos luaithe ar chearta agus ar fhreagrachtaí a bhain le cumarsáid a dhéanamh. I dteannta a chéile, tugann na cearta difriúla seo réimse eispéiris agus ceisteanna difriúla d'fhoghlaimoirí a bhaineann lena gcuid staidéir ar chearta agus ar fhreagrachtaí.

Trí iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí difriúla ina leagtar amach a gcearta ar oideachas agus ar chumarsáid, tiocfaidh foghlaimoirí isteach ar rogha de phríomhionstraimí chun cearta a chur i bhfíor. Is iomaí ionstraim dhifriúil um chearta an duine a bhféadfaí aghaidh a thabhairt uirthi mar chuid de staidéar: i dTopaic 5 roghnaíodh bunreacht na hÉireann agus Coinbhinsiún NA um Chearta an Linbh le haghaidh staidéar ar leith. I dteannta a chéile tugann siad deis d'fhoghlaimoirí tuiscint a fháil ar na cineálacha difriúla ionstraimí atá ann agus na cineálacha tionchar is féidir a bheith acu. Beidh deis ag foghlaimoirí freisin iniúchadh a dhéanamh ar choincheapa faoi chearta an duine agus na teorainneacha a bhaineann le cearta an duine a chur i bhfeidhm agus na srianta atá ar a n-úsáid. Fiosraítear freisin coincheap comhionannas ceart agus déantar an fhianaise i leith an chomhionannais a scrúdú agus a mheas.

Tá fócas níos leithne ag baint le Topaic 6 ina mbreathnaítear ar chearta agus freagrachtaí an duine i gcomhthéacs na hEorpa agus an domhain mhóir. Tugann sé isteach rogha eile ceart, lena n-áirítear an ceart chun marthana agus chun forbartha, an ceart ar shaoirse smaointeoireachta, coinsiasa, agus reiligiún nó creideamh follasach a bheith ag duine, an ceart ar chosaint ó fhoréigean fisiceach nó meabhrach, gortú, faillí nó mí-úsáid agus an ceart chun scíthe, fóillíochta, áineasa agus siamsaíochta. Breathnaítear ann den chéad uair freisin ar dhoiciméid ábhartha eile ar chearta an duine: Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine agus Dearbhú na Náisiún Aontaithe (NA) maidir leis an gCeart chun Forbartha. Leathnaíonn se amach an díospóireacht ar cheisteanna cearta an duine chun iniúchadh a dhéanamh ar an idiroibriú idir cearta an duine agus cúrsaí cultúir agus cuireann sé ar chumas foghlaimoirí a gcuid scileanna léirmhíniú sonraí a fhorbairt tuilleadh agus a úsáid i dtaca le cearta an duine.

TOPAIC 5: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ AN DUINE IN ÉIRINN

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
<p>5.1 roinnt de chearta daoine óga</p>	<p>a gcearta ar oideachas a aithint faoi mar a chuirtear síos orthu in <i>Bunreacht na hÉireann</i></p> <p>a gcearta ar oideachas a aithint (airteagail 28 agus 29), de réir Choinbhinsiún NA um Chearta an Linbh</p> <p>an ceangal a aithint idir Choinbhinsiún NA um Chearta an Linbh agus Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine</p> <p>a aithint sa chomhthéacs sin cad is brí leis na téarmaí ‘sealbhóir ceart’ agus seachadóir dualgais’</p> <p>ag úsáid na gcoincheap ‘oibleagáid láithreach’ agus ‘fíorú forchéimnitheach’, a aithint cad is brí le stáit a bheith ag aontú go ngníomhóidh siad chun cearta a chur i bhfeidhm ‘a oiread agus is féidir de réir a gcuid acmhainní’</p>
<p>5.2 prionsabail um chearta an duine</p>	<p>míniú a thabhairt cad a chiallaíonn sé cearta an duine a fheiceáil mar rud</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ uilechoiteann ▶ doshannta ▶ doroinnte <p>idirdhealú idir</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ cearta sibhialta agus polaitiúla ▶ cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha <p>míniú a thabhairt cad a chiallaíonn sé go bhfeicfí ceart mar rud</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ daingean ▶ teoranta ▶ coinníollach <p>míniú a thabhairt cad a chiallaíonn sé go bhfeicfí ceart mar rud</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ diúltach ▶ dearfach

TOPAIC 5: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ AN DUINE IN ÉIRINN

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
<p>5.3 smaoiniamh an chomhionannais i ndáil le cearta</p>	<p>cur síos ar cad a chiallaíonn sé go bhfuil daoine i dteideal cearta a bheith acu gan idirdhealú de chineál ar bith, amhail cine, dath, inscne, teanga, reiligiún, tuairim pholaitiúil nó eile, cúlra náisiúnta nó sóisialta, sealúchas, breith nó stádas eile</p> <p>cur síos ar na forais faoina bhfuil idirdhealú mídhleathach de réir dhlí na hÉireann (inscne, stádas teaghlaigh, stádas pósta, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine, ballraíocht sa Lucht Taistil)</p> <p>ag tagairt siar do na smaointe a clúdaíodh in 1.3, an t-idirdhealú a léiriú idir leithcheal díreach agus indíreach</p> <p>cur síos ar phatrúin na héagsúlachta arb ann dóibh ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ éagsúlacht eitneach agus ballraíocht sa Lucht Taistil ▶ éagsúlacht teanga ▶ ilchineálacht reiligiúnach ▶ éagsúlacht gnéaschlaonadh ▶ éagsúlacht cumas agus míchumas
<p>5.4 argóintí agus cearta</p>	<p>na hargóintí seo a leanas faoi chearta an duine a dhéanamh ina gcuid focal féin agus i dtaca lena dtimpeallacht féin:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ tugann cearta creat a chosnaíonn muid uile ó ghrúpaí cumhachtacha sa tsochaí ▶ tugann cearta bonn dúinn chun comhionannas a chinntiú sa tsochaí ▶ tá cearta dearfacha éagórach mar go dtugann siad ar roinnt daoine íoc as cearta daoine eile a chur i bhfeidhm ▶ uaireanta is gá cearta an duine aonair a chur i leataobh chun cearta an tromlaigh a chosaint ▶ ní théann cearta fada go leor mar go ndéanann siad soláthar do chomhionannas rochtana agus deise amháin, ní thugann siad comhionannas torthaí <p>dul i ngleic le dearcthaí difriúla agus, mar is cuí, fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu ceann de na hargóintí seo atá infhulaingthe</p> <p>a aithint cé acu ceann de na hargóintí seo a luafaí le seasamh ‘den eite chlé’ agus cé acu a bhainfeadh le seasamh ‘den eite dheis’ agus cé acu a d’fhéadfaí a cheangal le ceachtar acu</p>
<p>5.5 comhlachtaí stáit le haghaidh cearta an duine</p>	<p>Comparáid a dhéanamh idir róil agus feidhmeanna áisíneachtaí um chearta daonna ó thuaidh agus ó dheas, mar shampla Coimisiún na hÉireann um Chomhionannas agus um Chearta an Duine (CÉCCD) agus Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine nó Oifig an Ombudsman do Leanaí agus Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga (CTÉLDÓ).</p>

TOPAIC 5: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ AN DUINE IN ÉIRINN

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
5.6 fianaise ar an gceart chun oideachais	coimre a thabhairt ar fhianaise ó thaighde ar cé acu a bhíonn an ceart céanna ar oideachas ag gach duine in Éirinn ar bhonn cothrom dul i ngleic le tuairimí difriúla agus fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid cé acu atá an ceart céanna ar oideachas ag gach duine in Éirinn ar bhonn cothrom
5.7 rannpháirtithe sna díospóireachtaí seo	cur síos i dtéarmaí coimre agus ginearálta ar an tionchar a bhí ag John Locke, Robert Nozick, Paulo Freire, Martha Nussbaum agus Kathleen Lynch ar an gcaibidil sa Topaic seo agus ar na comhthéacsanna lenar bhain a dtionchair sin.

TOPAIC 6: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ AN DUINE SAN EORAIP AGUS SA DOMHAN MÓR

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
<p>6.1 cearta agus freagrachtaí san Eoraip agus sa domhan mór</p>	<p>coimre a thabhairt ar fhianaise ó thaighde ar an méid a chuirtear i bhfeidhm ar fud an domhain na cearta seo a leanas a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu i gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ an ceart chun marthana agus forbartha (airteagal 6) ▶ an ceart ar shaoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiún nó creideamh follasach a bheith ag duine (airteagal 14) ▶ an ceart ar chosaint ó fhoréigean fisiceach nó meabhrach, gortú, faillí nó mí-úsáid (airteagal 19) ▶ agus an ceart chun scíthe, fóillíochta, áineasa agus siamsaíochta (airteagal 31) <p>coimre a thabhairt ar na príomhchearta a bhfuil breac-chuntas tugtha orthu i gCoinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine, agus ar na meicníochtaí trínar féidir le daoine féachaint chuige go mbeidh na cearta sin á gcur i bhfeidhm.</p> <p>meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar phársa taighde cáilíochtúil nó cainníochtúil—nach bhfaca siad riamh roimhe—ar chur i bhfeidhm chearta an duine, ag tagairt do cháilíocht na fianaise agus na gconclúid ar thángthas orthu sa staidéar sin</p>
<p>6.2 argóintí faoi chearta sa domhan mór</p>	<p>aithint cá mhéad a bhaineann argóintí agus smaointe a pléadh i dTopaic 5.2 leis an domhan mór</p> <p>ina theannta sin, na hargóintí seo a leanas faoi chearta an duine a úsáid ina gcuid focal féin:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ is smaoinemh de chuid an iarthair é cearta an duine, agus is cineál d'impiriúlachas cultúrtha é a bheith ag iarraidh an smaoinemh sin a bhrú ar thíortha neamh-iartharacha ▶ is féidir cearta an duine a chur i leataobh ar feadh tréimhse d'fhonn ligean do stát forbairt ionas gur féidir leis fónamh dá shaoránaigh <p>dul i ngleic le dearthaí difriúla agus, mar is cuí, fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu ceann de na hargóintí seo atá infhulaingthe</p>
<p>6.3 comhoibriú idirnáisiúnta agus cearta an duine</p>	<p>a aithint cad a chiallaíonn sé go gcomhaontaíonn stáit ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur i bhfeidhm laistigh de chomhthéacs comhoibriú idirnáisiúnta</p> <p>príomhghnéithe Dhearbhu na Náisiún Aontaithe (NA) maidir leis an gCeart chun Forbartha a aithint</p>

Snáithe 4: Domhandú agus logánú

Baineann domhandú le hidircheangailteacht chodanna éagsúla an domhain trí mhodhanna cumarsáide níos mó agus níos gasta, trí chomhtháthú méadaitheach geilleagair áitiúla agus snáitheanna náisiúnta polaitiúla i gcomhthéacs eacnamaíoch agus polaitiúil níos domhanda, agus tríd an malartú cultúrtha a fhaibhríonn de thoradh na bpróiseas sin. Cé gur féidir breathnú air mar smaoineamh teibí, is féidir a fheiceáil go mbíonn olltionchar ag an domhandú ar shaol daoine óga sa lá atá inniu ann, mar shampla i gcomhdhéanamh sóisialta agus cultúrtha sochaithe comhaimseartha atá ag athrú, in úsáid na teicneolaíochta cumarsáide, sna poist a dhéanann daoine agus sna cinn a dhéanfaidh siad sa todhchaí, sa tionchar a bhíonn ag institiúidí polaitiúla idirnáisiúnta ar shaol daoine, i nádúr athraitheach eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus sa chumas atá ag daoine chun tionchar a imirt ar institiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Déantar an argóint scaití gurb amhlaidh, le hais fócas méadaithe ar an taobh ‘domhanda’ go bhfuil comhlorg fágtha ar an domhan comhaimseartha ag an bhfócas méadaithe ar an taobh ‘logánta’. Léirítear é sin sa spéis mhéadaithe atá á cur i gcúrsaí a bhaineann le ‘féiniúlacht’ agus i bpolaitíocht na féiniúlachta, níos mó aitheantais a bheith á thabhairt don éagsúlacht laistigh de thíortha agus de phobail, agus níos mó airde a bheith ar na bealaí a mbíonn tionchair ‘logánta’ ag an rud ‘domhanda’, agus ar na bealaí a mbíonn tionchair ag an rud ‘logánta’ a bhíonn ‘domhanda’.

Is iomaí dóigh inar féidir iniúchadh a dhéanamh ar dhomhandú agus logánú i sochaithe comhaimseartha. Breathnaítear san snáithe seo ar dhá cheann acu: fócas ar an bhféiniúlacht agus ar an éagsúlacht agus fócas ar fhorbairt atá inbhuanaithe.

Ceann de na héifeachtaí a bhí ag an domhandú is ea an méadú i dtaisteal agus in imirce ar fud na cruinne. D’fhág sé sin go mbíonn sochaithe comhaimseartha fíoréagsúil ina gcomhdhéanamh. Ceanglaítear leis an domhandú freisin an aird níos mó atá ag daoine anois ar an bhféiniúlacht agus ar pholaitíocht na féiniúlachta. Déantar scagadh ar an dá smaoineamh sin i dTopaic 7 ina mbreathnaítear ar an ilchineálacht atá ina comhartha sóirt anois ar shochaithe comhaimseartha. Trí thógáil ar thuiscint foghlaimeoirí ar an ilchineálacht agus ar an éagsúlacht chultúrtha a forbraíodh i snáithe 3, tugtar deis dóibh smaoineamh ar na bealaí ina ndéantar tréithriú nó léiriú ar chultúir eile laistigh dá gcultúir féin, agus plé a dhéanamh ar an gcaidreamh cuí ba chóir a bheith idir cultúir dhifriúla. Sa chomhthéacs sin, beidh seans ag foghlaimeoirí roinnt tuairimí difriúla a scrúdú ar an gcaidreamh idir cultúr ‘an iarthair’ agus cultúir eile.

Is féidir tionchair eile an domhandaithe a fheiceáil sna réimsí idirghaolmhara de neamhionannais dhomhanda i gcúrsaí saibhris agus daibhris, agus tionchair dhomhanda na gníomhaíochta daonna ar an gcomhshaol. I dTopaic 8 bíonn seans ag foghlaimeoirí na bealaí difriúla a fhiosrú ina bhfeiceann daoine na naisc idir an rud logánta agus an rud domhanda i bpróisis na Forbartha Inbhuanaithe. Tugann sin deis dóibh an smaoineamh a phlé gur fórsa dearfach é idirspéleacht agus idirnasálacha idir codanna difriúla den chruinne, trí chomhlachtaí ilnáisiúnta nó trí naisc thrádála mar shampla, gur fórsa dearfach é le haghaidh forbairt dhomhanda sa mhéid is go dtugann sé deiseanna fostaíochta do thíortha atá i mbéal forbartha chomh maith le deiseanna chun foghlaim ó thíortha agus ó gheilleagair níos forbartha. Fiosraíonn foghlaimeoirí freisin an tuairim mhalartach, nach ndéanann na hidirnasálacha seo ach deiseanna a thabhairt do gheilleagair láidre shaibhre buntáiste a bhaint as geilleagair níos laige. Amanna tionscnaítear próisis forbartha—a mbíonn sé d’aidhm acu tionsclaíocht agus fostaíocht a thabhairt isteach chuig ceantar—a mbíonn tionchair timpeallachta acu a bhraitear ar fud an domhain. Fiosraítear freisin i dTopaic 8 conas is féidir smaointe difriúla ar inbhuanaitheacht comhshaoil a cheangal le smaointe ar phróisis na forbartha domhanda.

TOPAIC 7: DOMHANDÚ AGUS FÉINIÚLACHT

FOGHLAIMIÓNN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
<p>7.1 léirithe den fhéiniúlacht náisiúnta a chuirtear ar fáil do dhaoine óga</p>	<p>coimre a thabhairt ar fhianaise ó thaighde inar léiríodh féiniúlacht 'Éireannach' i gcuraclam scoile na hÉireann</p> <p>coimre a thabhairt ar fhianaise ó thaighde ar an ngaol idir oideachas agus braistint na féiniúlachta i dTuaisceart Éireann</p> <p>dul i ngleic le dearchtaí difriúla agus fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir leis an ról a d'imir an t-oideachas ar oileán na hÉireann chun braistint den fhéiniúlacht náisiúnta a chothú</p>
<p>7.2 éagsúlacht agus athrú cultúir</p>	<p>tarraingt ar shamplaí óna dtimpeallacht féin agus ó shonraí taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil chun an smaoineamh a léiriú gur toradh próiseas measctha agus oiriúnaithe iad cultúir agus nach bhfanann siad seasta le himeacht aimsire</p> <p>tarraingt ar shamplaí óna dtimpeallacht féin agus ó shonraí taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil chun ról na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus ról na meán sa phróiseas meascadh agus oiriúnú cultúir seo a fhiosrú</p> <p>tarraingt ar shamplaí óna dtimpeallacht féin agus ó shonraí taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil chun ról an taistil agus na himirce sa phróiseas meascadh agus oiriúnú cultúir seo a fhiosrú</p>
<p>7.3 éagsúlacht san Aontas Eorpach</p>	<p>cur síos ar phatrúin den éagsúlacht eitneach agus chultúrtha atá le fáil laistigh den Aontas Eorpach lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ éagsúlacht eitneach laistigh de stáit agus laistigh den Aontas Eorpach ▶ éagsúlacht teanga ▶ ilchineálacht reiligiúnach

TOPAIC 7: DOMHANDÚ AGUS FÉINIÚLACHT

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
7.4 féiniúlacht a thuiscint	<p>na hargóintí seo a leanas faoi chultúr agus faoi fhéiniúlacht a úsáid ina gcuid focail féin agus ina gcomhthéacs féin:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ is grúpaí iad na grúpaí náisiúnta agus eitneacha a chomhroinneann cultúr coiteann (go mbíonn luachanna, creideamh, slite coiteanna acu chun rudaí a dhéanamh, agus tugann stair agus teanga chomónta é sin le tuiscint)▶ is 'pobail shamhalta' iad na grúpaí náisiúnta agus eitneacha; tógáin shóisialta lena mbaineann samhlú ar 'sinne' agus ar 'iadsan', rud a mbíonn iarmhairtí tábhachtacha leis faoin gcaoi a dtuigeann agus a n-idirghníomhaíonn daoine leo siúd a fheictear a bheith sa ghrúpa 'eile' <p>dul i ngleic le dearthaí difriúla agus, mar is cuí, fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu ceann de na hargóintí seo atá infhulaingthe</p> <p>na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha a aithint a bhaineann le braistint féiniúlacht eitneach a fhorbairt lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ na tairbhí a luaitear le braistint chinnte agus mhuinéach a bheith ag duine ar a fhéiniúlacht éitheach féin▶ na rioscaí ar fhoréigean idireitneach agus ar dhíothú a bhaineann le braistint éiginnte agus faoi bhagairt a bheith ag duine ar a fhéiniúlacht eitneach
7.5 idirghníomhaíocht idir cultúr iartharach agus neamh-iartharach a thuiscint	<p>ag tarraingt ar fhianaise ón domhan mór, na hargóintí seo a leanas faoi chultúr agus faoi fhéiniúlacht sa domhan mór a thabhairt ina gcuid focail féin:</p> <ul style="list-style-type: none">▶ rinne an t-iarthar tógáil go stairiúil air féin ('sinne') i gcodarsnacht leis an domhan neamh-iartharach ('iadsan') agus, tríd sin a dhéanamh, shamhlaigh sé é féin a bheith réasúnach, sibhialithe agus aibí agus shamhlaigh sé an domhan neamh-iartharach a bheith neamhréasúnach, corbach agus leanbaí▶ tá próisis an domhandaithe ar nós taistil, tráchtála agus TFC ag briseadh síos cultúir agus féiniúlachtaí náisiúnta agus tá siad ag cruthú cultúr iltíreach agus féiniúlacht iltíreach▶ tá roinnt mórshibhialtachtaí sa domhan comhaimseartha atá difriúil go cultúrtha ó bhonn agus atá in iomaíocht le chéile▶ mura gcosnaíonn an t-iarthar a chultúr maidir le cearta an duine agus a smaointeoireacht réasúnach ó shibhialtachtaí domhanda eile díothófar cultúr an iarthair <p>dul i ngleic le dearthaí difriúla agus, mar is cuí, fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu ceann de na hargóintí seo atá infhulaingthe</p> <p>meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar pháosa taighde nach bhfaca siad roimhe, ar athrú cultúrtha nó ar fhéiniúlacht, ag tagairt do chaighdeán na fianaise agus ag baint tátail as an staidéar</p>

TOPAIC 7: DOMHANDÚ AGUS FÉINIÚLACHT

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
7.6 domhandú agus cumhacht pholaitiúil	<p>cur síos ar ról na gcomhlachtaí fornáisiúnta, lena n-áirítear, mar is cuí, (An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, An Eagraíocht Dhomhanda Trádála, An Banc Domhanda agus Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe) i bpróiseas na cinnteoireachta i dtaca le polasaí a théann i gcion ar dhaoine óga</p> <p>meastóireacht a dhéanamh ar an argóint go bhfuil an chumhacht ag bogadh ó rialtais náisiúnta go comhlachtaí fornáisiúnta</p>
7.7 rannpháirtithe sna díospóireachtaí seo	cur síos i dtéarmaí coimre agus ginearálta ar an tionchar a bhí ag Thomas Hylland Eriksen, Kwame Anthony Appiah, Benedict Anderson, Edward Said agus Samuel Huntington ar an gcaibidil sa Topaic seo agus ar na comhthéacsanna lenar bhain a dtionchair sin.

TOPAIC 8: FORBAIRT INBHUANAITHE

FOGHLAIMÍONN SCOLÁIRÍ MAIDIR LE	BA CHÓIR DO SCOLÁIRÍ A BHEITH ÁBALTA
<p>8.1 gníomhartha a thugann aghaidh ar Fhorbairt Inbhuanaithe</p>	<p>cur síos ar obair dheonach ina bpobal áitiúil a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, bochtaineacht nó tearcfhorbairt dhomhanda</p> <p>cur síos ar an gcaoi a gcuireann a gcuid ceannachán féin le bochtaineacht nó le tearcfhorbairt dhomhanda, nó ar an gcaoi a dtugann siad aghaidh orthu, trí earraí trádála eitneacha nó trí théarmaí trádála a bhfuil tiarnas ag comhlachtaí an iarthair orthu</p> <p>cur síos ar an gcaoi a gcuireann a gcuid idiú fuinnimh féin le hathrú aeráide, agus ar thionchar athrú aeráide ar dhaoine i dtíortha beagfhorbartha</p>
<p>8.2 argóintí maidir le forbairt Inbhuanaithe</p>	<p>na hargóintí seo a leanas faoi fhorbairt inbhuanaithe a dhéanamh ina gcuid focail féin:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▶ bíonn tearcfhorbairt ann de dheasca daoine i dtíortha beagfhorbartha gan an t-eolas, an teicneolaíocht ná an tionsclaíocht a bheith acu a bhíonn ag daoine i dtíortha forbartha ▶ bíonn tearcfhorbairt ann de dheasca téarmaí trádála éagothroma a bheith á mbrú ag an iarthar i gcomhar le ceannairí logánta i dtíortha forbartha ▶ is iad na scothaicmí áitiúla corbacha is cúis le tearcfhorbairt i dtíortha beagfhorbartha ▶ rinne an tionsclaíocht i dtíortha beagfhorbartha na mná, a bhí ina gcoimeádaithe traidisiúnta ar an gcomhshaoil i sochaithe, a thiomáint isteach in áit na neamhéifeachta agus na bochtaineachta agus rinne sí dochar don timpeallacht dá réir ▶ is iad an teicneolaíocht agus dlíthe an tsaormhargaidh a réiteoidh ár gcuid fadhbanna comhshaoil ▶ éilíonn forbairt atá ag teacht leis an dúlra go ngluaistear ar shiúl ó thionscail mhóra agus ón uirbiú agus i dtreo pobail bheaga fhéintuilleamaíocha a úsáideann acmhainní in-athnuaite <p>dul i ngleic le dearcthaí difriúla agus, mar is cuí, fianaise a mheas agus a úsáid chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu is infhulaingthe</p> <p>a aithint cé acu ceann de na hargóintí seo a luafaí le seasamh ‘den eite chlé’ agus cé acu a bhainfeadh le seasamh ‘den eite dheis’ agus cé acu a d’fhéadfaí a cheangal le ceachtar acu</p> <p>meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar phársa taighde nach bhfaca siad roimhe, ar fhorbairt, ag tagairt do chaighdeán na fianaise agus ag baint tátail as an staidéar</p>
<p>8.3 rannpháirtithe sna díospóireachtaí seo</p>	<p>cur síos i dtéarmaí coimre agus ginearálta ar an tionchar a bhí ag André Gunder Frank, Vandana Shiva agus Seán Mc Donagh ar an gcaibidil sa Topaic seo agus ar na comhthéacsanna lenar bhain a dtionchair sin.</p>

6

Measúnú

Tá Measúnú don teistiúchán i gcúrsaí Polaitíochta agus Sochaí bunaithe ar na haidhmeanna, na cuspóirí agus na torthaí foghlama sa tsonraíocht seo. Déanfar difreáil ag tráth an mheasúnaithe trí scrúdú a dhéanamh ag dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann:

1. Tuairisc ar thionscadal saoránachta (20%)
2. Scrúdú scríofa. (80%)

1. Tuairisc ar thionscadal saoránachta

Tá an Tuairisc ar thionscadal saoránachta le fáil i scrúdú na hArdteistiméireachta de bharr nádúr an ábhair. Tugtar deis d'iarrthóirí páirt a ghlacadh i dtaighde, anailís agus eispéireas sínte machnaimh. Déanfar measúnú sa tuairisc ar chumas an iarrthóra eolas, coincheapa agus scileanna na Polaitíochta agus na Sochaí a úsáid chun breithiúnais a dhéanamh ar an gcaoi le bheith gníomhach i gcomhphobail, chomh maith le cumas an scoláire chun machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad nó a bhain siad amach trí bheith ina rannpháirtithe gníomhacha sa saol sibhialta, sóisialta agus polaitiúil. Cé gur féidir na scileanna maidir le cinnteoireacht mhachnamhach agus eolasach, gníomhartha a phleanáil agus a luacháil, agus obair le daoine eile a fhorbairt i rith foghlaim uile an chúrsa seo, is trí rannpháirtíocht an scoláire i dtionscadal saoránachta go sonrach a dhéanfar na scileanna sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Leagtar amach i dtorthaí foghlama snáithe 2 na sainscileanna ata i gceist sa tionscadal saoránachta.

Beidh an tionscadal saoránachta bunaithe ar threoir a eiseofar gach bliain. Tabharfar breac-chuntas sa treoir ar roinnt topaicí óna roghnóidh scoláirí ceann amháin le haghaidh a dtionscadail saoránachta. Leagfar amach inti freisin paraiméadair an tionscadail agus na tuairisce a chuirfear isteach chuig an CSS le haghaidh a measúnaithe.

I gcás tionscadal grúpa, cuirfidh gach iarrthóir tuairisc ar leith isteach. Cé go dtagróidh na hiarrthóirí i gcásanna den sórt sin d'aidhmeanna agus do ghníomhartha an ghrúpa go pointe áirithe, beidh príomhfhócas thuairisc gach iarrthóra dírithe ar a ról indibhidiúil féin, a gcuid aidhmeanna, gníomhartha, foghlama, forbartha agus machnaimh.

Beidh 3 rannán sa tuairisc:

RANNÁN A: RÉASÚNAÍOCHT AGUS TAIGHDE (3.2, 3.3, 3.4)

Leagfaidh sé seo amach an réasúnaíocht atá leis an tionscadal saoránachta a shocraigh an foghlaiméoir a dhéanamh agus a choimre ar an taighde a rinneadh. Clúdaíodh sé:

- ▶ réasúnaíocht a dhéanann soiléir conas a d'imir foghlaim ón gcúrsa tionchar ar an gcur chuige a leanadh. Ba chóir go bhfaighfí sa réasúnaíocht cosaint ar an ngníomh a roghnaíodh i bhfianaise na roghanna malartacha a bhí ann.
- ▶ cuntas soiléir ar aidhmeanna an tionscadail shaoránachta agus plean gnímh in a leagtar amach na modhanna a roghnaíodh chun na haidhmeanna sin a bhaint amach

- ▶ achoimre ar an taighde a rinneadh lena n-áirítear príomhthorthaí an taighde a bhí mar bhonn agus mar thaca ag an ngníomh a rinneadh agus a chuir bonn eolais faoi chinntí an scoláire i dtaca leis an ngníomh a rinneadh.
- ▶ na foinsí eolais a úsáideadh chun cinneadh ar thionscadal agus iad siúd a chuir bonn eolais faoin saothar, amhail ábhair ghreasáin-bhunaithe, litríocht, agallaimh, cainteanna agus foinsí eile.

RANNÁN B: TIONSCADAL SAORÁNACHTA Á CHUR I GCRÍCH (3.4, 3.5)

Ba chóir go bhfaighfí ann:

- ▶ achoimre ar na próisis a lean an scoláire (ina aonar agus i gcomhar) agus iad ag cur i bhfeidhm idir eolas agus choincheapa na Polaitíochta agus na Sochaí le linn dóibh an tionscadal a dhéanamh
- ▶ cur síos ar thorthaí an tionscadail
- ▶ anailís chriticiúil ar na gnéithe éagsúla den phlean gnímh (m. s. róil, acmhainní, spriocanna, amscálaí), lena n-áirítear mar is cuí aon dúshlán ar thángthas orthu agus an chaoi ar tugadh faoi na dúshláin sin.

RANNÁN C: MACHNAMH AR AN EOLAS A FUARTHAS AGUS AR NA SCILEANNA A FORBRAÍODH LE LINN AN TIONSCADAIL

Ba chóir go ndéanfaí cur síos ann:

- ▶ ar an eolas agus ar na scileanna a forbraíodh, lena n-áirítear scileanna breithiúnais agus cinnteoireachta, trí pháirt a ghlacadh sa tionscadal saoránachta agus tagairt ar leith á dhéanamh d'obair le daoine eile agus a bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta
- ▶ ar na róil a d'imir a gcuid machnaimh féin, aiseolas ó dhaoine eile agus a gcuid foghlama ón gcúrsa san fhoghlaim seo
- ▶ ar aon rud a chabhraigh leo na scileanna sin a fhoghlaim
- ▶ ar na rudaí a rinne deacair foghlaim na scileanna sin
- ▶ ar shamplaí ar leith chun na pointí sin a léiriú.

CRITÉIR GHINEARÁLTA MHEASÚNAITHE DON TUAIRISC AR AN TIONSCADAL SAORÁNACHTA

Beidh measúnú an tionscadail bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- ▶ cumas chun réasúnaíocht shoiléir a thabhairt maidir leis an ngrúpa / tionscnamh / eagraíocht a roghnaíodh / bunaíodh agus leis an ngníomhaíocht a rinneadh
- ▶ fianaise ar dhea-phleanáil agus ar thaighde ar chuir foinsí a bhaineann leis an ábhar bonn eolais faoi
- ▶ an cumas chun eolas agus coincheapa na Polaitíochta agus na Sochaí a úsáid chun breithiúnais a dhéanamh ar an gcaoi le bheith gníomhach i gcomhphobail
- ▶ fianaise ar eolas agus ar thuiscint faoi cén rud é gníomh éifeachtach saoránachta
- ▶ cumas chun an fhoghlaim a rinneadh ón tionscadal a thaispeáint agus léargais phearsanta a fuarthas as páirt a ghlacadh sa tionscadal.
- ▶ cumas chun cuntas soiléir a thabhairt ar na scileanna a foghlaimíodh le linn an tionscadal a dhéanamh agus úsáid fianaise chun tacú leis sin.

Is iad freagraí iomlána agus pearsanta ar an tasc na comharthaí sóirt a bhaineann le hardleibhéal gnóthachtála. Tugann tuairisc an iarrthóra réasúnaíocht shoiléir don ghníomhaíocht a rinneadh, agus sárchumas chun machnamh a dhéanamh ar an eispéireas agus chun na torthaí a mheas. Is cuntas grinn é a bhfuil cuspóir leis an cuntas an tuairisc a thugtar. Tá go leor mionsonraí sa bhreacchuntas inste chun fianaise choincréiteach a thabhairt ar thaithí an iarrthóra ach téann sé níos faide ná athinsint go díreach chun díriú ar léargais agus ar fhoghlaim a fuarthas. Léiríonn an t-iarrthóir sárchumas chun an t-eolas agus na coincheapa a bhaineann leis an bPolaitíocht agus leis an tSochaí

a phleanáil agus a thaighde agus a úsáid chun breithiúnais a dhéanamh ar an gcaoi le bheith gníomhach i gcomhphobail. Sa chás gur grúpa a rinne an tionscadal, díreoidh an tuairisc go soiléir ar an ról nó ar an bpáirt a bhí ag an iarrthóir sa phróiseas. Taispeánann an t-iarrthóir cumas soiléir chun machnamh ar an gcaoi a ndeachaigh an fhoghlaim i gcion ar scileanna, dearcthaí, tuairimí agus/nó iompar an scoláire.

Feictear ag meánleibhéal gnóthachtála sa tionscadal saoránachta freagairt mhaith phearsanta don tasc. Tugtar réasúnaíocht don ghníomhaíocht a rinneadh agus tá fianaise ann ar dhea-thaighde agus pleanáil agus ar chumas maith chun an t-eolas agus na coincheapa a bhaineann leis an bPolaitíocht agus leis an tSochaí a phleanáil agus a thaighde agus a úsáid chun breithiúnais a dhéanamh ar an gcaoi le bheith gníomhach i gcomhphobail. Tá roinnt fianaise ann ar chumas an iarrthóra chun machnamh a dhéanamh ar an eispéireas agus na torthaí a mheas. Tá an insint soiléir agus ar an iomlán tugann sí fianaise ar roinnt léargas agus ar an bhfoghlaim a fuarthas. Sa chás gur grúpa a rinne an tionscadal díreoidh an tuairisc, go soiléir, ar an ról nó ar an bpáirt a bhí ag an iarrthóir sa phróiseas. Tá roinnt fianaise ann ar chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar imir an fhoghlaim tionchar ar scileanna, meonta, tuairimí agus/nó iompar an scoláire.

Ceann de na comharthaí sóirt a bhaineann le leibhéal íseal gnóthachtála go mbíonn bunfhreagairt ann don tasc. cé go dtugann an t-iarrthóir roinnt réasúnaíochta don ghníomhaíocht a rinneadh níl mórán léargais phearsanta ann ná fianaise ar chumas chun machnamh ar an eispéireas ná meastóireacht a dhéanamh ar a chuid torthaí. Tá achomre sa tuairisc ar an tionscadal ach is lagchumas a léiríonn an t-iarrthóir chun an t-eolas agus na coincheapa a bhaineann leis an bPolaitíocht agus leis an tSochaí a phleanáil agus a thaighde agus a úsáid chun breithiúnais a dhéanamh ar an gcaoi le bheith gníomhach i gcomhphobail. Sa chás gur grúpa a rinne an tionscadal, ní léir cén ról pearsanta nó cén ról a bhí ag an iarrthóir sa phróiseas. Is beag fianaise atá ann ar chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar imir an fhoghlaim tionchar ar scileanna, meonta, tuairimí agus/nó iompar an scoláire.

2. Scrúdú scríofa

Beidh an scrúdú scríofa ar fáil ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal agus scrúdófar na nithe seo a leanas:

- ▶ eolas agus tuiscint
- ▶ anailís agus léirmhíniú ar shonraí cáilíochtúla agus / nó cainníochtúla taighde sóisialta agus polaitiúil
- ▶ cumas chun argóint réasúnach agus loighciúil a chumadh—soiléire agus léirchruinneas san argóint agus i mbainistiú smaointe.

Is é 80% an céatadán den mharc iomlán a thugtar don chomhpháirt seo. Mairfidh an scrúdú scríofa dhá uair go leith agus beidh trí chuid ann, a eagrófar de réir chineál na ceiste.

CINEÁL CEISTE	ROGHANNA	FORMÁID AN FHREAGRA	UALÚ GNÁTHLEIBHÉIL	UALÚ ARDLEIBHÉIL
Ceisteanna gearrfhreagra	Líon socraithe ceisteanna	Déanta ar pháipéar	20%	10%
Ceisteanna le freagra gearr agus sínte ar chás-staidéar ar bhunachar sonraí	Sraith de cheisteanna nach bhfacthas roimhe	Freagra comhthógtha	30%	30%
Aistí dioscúrsacha	Roinnt Topaicí tugtha	Aiste	30%	40%

Rannán 1 (Ceisteanna gearrfhreagra): éascaíonn sé seo measúnú a bheith déanta ar eolas an iarrthóra maidir le cumhacht agus cinnteoireacht, saoránacht ghníomhach, cearta agus freagrachtaí an duine agus domhandú agus logánú.

Rannán 2 (Ceisteanna le freagra gearr agus sínte ar chás-staidéar ar bhunachar sonraí): éascaíonn sé seo measúnú a dhéanamh ar an iarrthóir i dtaca lena gcuid scileanna chun smaointeoireacht chriticiúil agus neamhspleách a dhéanamh; chun anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla taighde sóisialta agus polaitiúil; agus chun a leithéid sin de shonraí a úsáid go cúramach chun tátail a bhaint astu. I dtaca leo siúd a bheidh á meas ag Ardleibhéal déanfar measúnú freisin ar a gcumas chun teacht ar chonclúidí trí tharraingt ar an eolas níos fairsinge atá acu ón staidéar a rinne siad ar an bPolaitíocht agus an tSochaí, cumhacht agus cinnteoireacht, saoránacht ghníomhach, cearta agus freagrachtaí an duine agus domhandú agus logánú.

Rannán 3 (Aistí dioscúrsacha): éascaíonn sé seo measúnú a dhéanamh ar eolas an iarrthóra i dtaca le cumhacht agus cinnteoireacht, saoránacht ghníomhach, cearta agus freagrachtaí an duine agus domhandú agus logánú chomh maith lena gcuid scileanna i smaointeoireacht chriticiúil, dhioscúrsach agus neamhspleách agus in úsáid chúramach a bhaint as sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun tátail a bhaint astu.

CRITÉIR GHINEARÁLTA MHEASÚNAITHE DON SCRÚDÚ SCRÍOFA

Is iad eolas agus tuiscint iomlán ar fhírí, coincheapa agus modhanna na Polaitíochta agus na Sochaí ón tsonraíocht iomlán agus gan mórán easnaimh shuntasacha na comharthaí sóirt a bhaineann le hardleibhéal gnóthachtála sa scrúdú scríofa. Cuireann iarrthóirí i dtólamh a gcuid eolais agus a dtuiscint ar chúrsaí na Polaitíochta agus na Sochaí i bhfeidhm i gcomhthéacsanna coiteanna agus nua araon. Déanann siad anailís agus measúnú cruinn ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ó fhoinsí difriúla de réir mar is cuí; beidh ionramháil sonraí, más cuí, gan locht. Cuireann iarrthóirí argóintí agus smaointe loighciúla i láthair ar léir go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise.

Is iad eolas agus tuiscint mhaith ar fhírí, coincheapa agus modhanna na Polaitíochta agus na Sochaí óna lán codanna den tsonraíocht na comharthaí sóirt a bhaineann le gnáthleibhéal gnóthachtála sa scrúdú scríofa. Cuireann iarrthóirí a gcuid eolais agus a dtuiscint ar chúrsaí na Polaitíochta agus na Sochaí i bhfeidhm i gcomhthéacsanna coiteanna agus i roinnt comhthéacsanna nua. Déanann siad anailís agus measúnú réasúnta ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ó fhoinsí difriúla de réir mar is cuí; beidh a lán dá n-ionramháil sonraí déanta mar is ceart. Cuireann iarrthóirí argóintí agus smaointe loighciúla i láthair a bhíonn bunaithe ar fhianaise, den chuid is mó.

Is iad eolas agus tuiscint theoranta ar fhírí, coincheapa agus modhanna na Polaitíochta agus na Sochaí na comharthaí sóirt a bhaineann le leibhéal íseal gnóthachtála sa scrúdú scríofa. Roghnaíonn iarrthóirí na fírí, na coincheapa agus na modhanna cuí le cur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna coiteanna. Déanann siad ionramháil bhunúsach ar shonraí mar is ceart. Cuireann iarrthóirí míniúcháin i láthair a mbíonn roinnt fianaise ag dul leo, ó chomhthéacsanna coiteanna go minic.

Difreáil ag tráth an Mheasúnaithe

Dála sonraíochtaí eile, déantar an Pholaitíocht agus an tSochaí a mheas ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal. Ní bhíonn na ranna den tsonraíocht a bhfuil staidéar le déanamh orthu ag Ardleibhéal le fáil ach faoi chló trom. Beidh difreáil freisin sna ceisteanna i dtéarmaí an leibhéil anailíse, meastóireachta agus cur i bhfeidhm a theastaíonn.

Maidir leis an tuairisc ar thionscadal saoránachta, beidh difreáil i gceist ag tráth an mheasúnaithe trí scéimeanna éagsúla marcála a úsáid ag Ardleibhéal agus ar Gnáthleibhéal. Beidh an scéim a úsáidfear ag brath ar an leibhéal a ghlac an t-iarrthóir sa scrúdú scríofa.

I gcás na scrúduithe scríofa, cuirfear ar fáil páipéir don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal.

Oiriúntais réasúnta

Tá sé i gceist go mbeidh gach scoláire san áireamh san ábhar an Pholaitíocht agus an tSochaí. Sa chaoi sin cuireann an t-ábhar le cothromaíocht deiseanna, rannpháirtíocht agus eispéiris foghlama gach uile dhuine. Tá scéim na n-oiriúntas réasúnta, a fheidhmíonn an Coimisiún Scrúduithe Stáit, ceaptha chun cabhair a thabhairt d'iarrthóirí san Ardeistiméireacht a bhfuil deacrachtaí foghlama fisiceacha / míochaine / céadfacha agus / nó sainiúla acu.

Cé gurb í an sprioc atá le hoiriúntais réasúnta go mbainfidh siad ar shiúl a oiread agus is féidir tionchar míchumais ar fheidhmiú iarrthóra, ionas gur féidir leis / léi a leibhéal gnóthachtála a thaispeáint, níl sé i gceist go gcúiteodh siad aon easpa fhéideartha ghnóthachtála a tharlaíonn de bharr míchumais.

Meastar iarratais ar Oiriúntais réasúnta laistigh de chreat foilsithe prionsabal (Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh, Eanáir 2000) agus seolann an scoil a bhfreastalaíonn iarrthóir uirthi isteach iad ar fhoirmeacha iarratais atá ceaptha. Iarrtar iarratais de ghnáth bliain amháin roimh an scrúdú a bhíonn i gceist.

